WESTERN DEVELOPMENT COMMISSION

# Tuarascáil Bhliantúil 2021



Ag tacú le pobail chun fás, ag déanamh infheistíocht i ngnólachtaí de réir a méide, agus ag pleanáil le haghaidh fhorbairt Réigiún an Iarthair amach anseo.

# Clár Ábhar


Brollach leis an gCathaoirleach **4**

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh **7**

Ár Misean **10**

Ár bhFís **12**

Struchtúr CFI **14**

An Réigiún **15**

Cur chun Cinn Réigiúnach **16**

Ceannaireacht Réigiúnach **23**

Fiontraíocht Inbhuanaithe **42**

Ráitis Airgeadais **57**

Príomhchumasóirí chun Ár Straitéis a Sholáthar:
Seirbhísí Corparáideacha **61**



## 6,400

**freagra ar Shuirbhé Náisiúnta 2021 ar Chianobair**

## €10M

**Eisíoctha thar 58 infheistíocht ó Chiste Infheistíochta an WDC**

## 650K

**650k lucht féachana ar an gcéad chlár teilifíse de chuid WDC dar teideal Moving West ar TG4**

## 176

**Tá 176 mol beo ar an ardán Connecthubs.ie**

# Brollach leis an gCathaoirleach

Arís eile, d'imir paindéim Covid-19 tionchar mór ar conas a oibríodh Coimisiún Forbartha an Iarthair i rith 2021. Ina ainneoin an tsuaite leanúnaigh seo agus na ndálaí dúshlánacha, ní hamháin gur thug an eagraíocht aghaidh ar an dúshlán, gur bhain sí garspriocanna nua amach, ach d'éirigh léi dul i dtaithí ar bhealach nua oibre agus thacaigh sí le heagraíochtaí eile amhlaidh a dhéanamh. Is mian liom ómós a léiriú arís eile d'fhoireann agus do Bhord CFI a lean orthu agus a chuir an eagraíocht chun cinn chun tionscadail iolracha a stiúradh ar fud an iarthair agus an iarthuaiscirt.

Leanadh ag díriú go mór arís eile ar rialachas agus thit cruinniú Boird agus cruinnithe foirne amach ar líne. Tacaíodh leis an aistriú seo trí theicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, mar chuid de thionscadal níos fairsinge lena chinntiú go ndéanaimid an chumarsáid is fearr inár réimse. Agus sinn ag oibriú i leith straitéis reatha CFI, leanadh ag tabhairt faoi thionscnaimh faoi na príomhcholúin; Cur chun Cinn Réigiúnach, Ceannaireacht Réigiúnach agus Fiontraíocht Inbhuanaithe.

Lean foireann beartais CFI agus Institiúid Whitaker ag OÉ, Gaillimh lena gcomhoibriú in 2021 agus d'fhoilsigh siad an tríú suirbhé náisiúnta ar chianobair sa tsraith i mBealtaine. Bhain an staidéar cumhdach náisiúnta amach agus chuir a thorthaí eolas ar fáil d'fhostóirí faoi eispéiris fostaithe den chianoibriú ag príomhthráth i rith phaindéim Covid-19.

D'fhorbair coistí Stiúrtha naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnaí (PFRanna) i rith 2021, agus tá trí cinn díobh seo ar fud bhord farraige an iarthair. Tá Bainisteoir Clár Phlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair in CFI agus rinne sé stiúradh ar ailíniú phleananna an iarthair, an iarthuaiscirt agus an iarthair láir i limistéir ar nós fuinneamh in-athnuaite agus an gheilleagair chruthaithigh. I gcomhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta, agus Oifigí Áitiúla Geilleagracha, díreofar anois ar fhás na hearnála dírí agus ar a cumas tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta níos fairsinge réigiúnach a chur chun cinn.

**"Tugadh chun solais i gcéad clár teilifíse CFI ar TG4, ar ar tugadh Moving West, na sochair a bhaineann le bogadh chuig agus oibriú feadh Bhord Farraige an Atlantaigh. Bhí an rath geal ar an gclár, mar chlár píolótach, agus bhí breis agus 650,000 de lucht féachana aige ina chéad séasúr."**

Dháil Ciste Infheistíochta CFI €10m i measc 58 infheistíocht, agus infheistíodh €6.4m de seo in 12 FBM agus €2.9m in 28 tionscadal fiontraíochta pobail/sóisialta agus léirigh seo arís eile an tionchar a imríonn sé trí ardán suntasach a sholáthar d'fhorbairt agus do bhorradh sa réigiún amach anseo

Tugadh chun solais i gcéad clár teilifíse CFI ar TG4, ar ar tugadh *Moving West*, na sochair a bhaineann le bogadh chuig agus oibriú feadh Bhord Farraige an Atlantaigh. Bhí an rath geal ar an gclár, mar chlár píolótach, agus bhí breis agus 650,000 de lucht féachana aige ina chéad séasúr. Tá pleananna i bhfeidhm cheana féin do shéasúr a dó in 2022, ina gcuimseofar ceantar tíreolaíochta níos fairsinge agus ina mbeidh roinnt de na hoileáin amach ón gcósta faoi chaibidil.

Seoladh an t-ardán nua Westernjobs.ie chun fostóirí agus tallann sa réigiún agus a bhfuil d'uaillmhian acu bogadh ann araon a cheangal, a mhéadaigh ár n-idirchaidreamh le príomh-chomhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara ar fud gach contae. Ba thráth cinniúnach do CFI é ConnectedHubs.ie a sheoladh, a rinne tionscadal píolótach ón réigiún a fhairsingiú go leibhéal náisiúnta i dtréimhse an-ghearr ama. Neartaigh an tionscadal seo freisin caidreamh CFI leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus le roinnt gníomhaireachtaí, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile ina measc.

**Gerry Finn**
Cathaoirleach
Coimisiún Forbartha an Iarthair




Mary Kennedy le hAoibheann Boyle a d'aistrigh go Cill Chaoi i gContae an Chláir.





[FÉACH SÉASÚR 1 DE GHLUAISEACHT AN IARTHAIR ANSEO]



Bhog Cynthia Baloula go Béal an Mhuirthead agus bainistíonn sí a gnó sa gteic ann.



Tá cónaí ar Maggie Breen i mBaile an Fheirtéaraigh agus oibríonn sí i Mol an Daingin.



# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Is iomaí ábhar ceiliúrtha atá san Iarthar, mar a bhfuil 'tá an Saol Níos Ilghnéithí', de réir mar a dhruideann deireadh na bliana linn, in ainneoin na ndúshlán. Tugtar chun solais sa léargas ginearálta gearr seo ar obair CFI in 2021 clár teilifíse, *Moving West*, a bhí mar thoradh ar smaointe a fhorbairt agus infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí le roinnt de na dúshláin is mó atá roimh an tsochaí a chomhrac, iasachtú le pobail ar fud an iarthair agus anailís beartais ghéarchúiseach i rith bliana inar thit athrú agus suaitheadh suntasach amach.

Mar gheall ar an aistriú leanúnach go hoibriú go cianda, rinneadh go leor dár n-obair sa limistéar sin a bhrostú arís eile i mbliana. Léirigh na torthaí ar an dara Suirbhé Náisiúnta ar Chianobair, a foilsíodh im Bealtaine go raibh líon suntasach 95% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu i bhfabhar oibriú go cianda. Seoladh i mbliana chomh maith an Gréasán Náisiúnta Mol – connectedhubs.ie. D'eascair an gréasán seo ar fud na tíre de mhoil cheangailte, dhigiteacha, fiontraíochta, scálaithe agus phobail as Gréasán Moil Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh.

Tá anois breis agus 176 mol (Nollaig 2021) ann ar ardán connectedhubs.ie agus ceaptar go dtiocfaidh borradh faoi seo i luathchéimeanna 2022. Tá ár bhfoireann mol ceangailte ag oibriú le bainisteoirí moil fud fad na tíre le caidreamh a chothú le comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha chun an tionscadal a thabhairt chuig an gcéad chéim eile in 2022. Príomhchuid dár straitéis *Ár dTodhchaí Tuaithe*, a sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, é gréasán connectedhubs.ie. Sheol an tAire ciste tosaigh €5m connectedhubs.ie cheana féin faoin straitéis, anuas ar €8.8m ina dhiaidh sin chun cabhrú le moil a fhorbairt timpeall na tíre.

Is é gréasán agus ardán connectedhubs.ie a bhunú an chéad chéim, ach is í an ghné is spreagúla den tionscadal seo an scóip le haghaidh nuálaíochta a leanfaidh. Sampla é tionscnamh Ríomhshláinte Inis Laidhre, a bhuaigh gradam, i gcomhar leis an bpobal ar an Oileán i gContae Mhaigh Eo Oileán, le CISCO, FSS, OÉ, Gaillimh, an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá seo ar cheann de roinnt tionscnamh dá mhacasamhail feadh chósta an Atlantaigh a sheolfar i rith 2022.

Dháil Ciste Infheistíochta CFI infheistíocht agus iasachtú €10 milliún i mbliana ar 54 fiontar agus tionscadal ar fud réigiún an iarthair. I measc na mbuaicphointí i rith 2021, bhí infheistíochtaí i dTeiripic an Atlantaigh (Atlantic Therapeutics), Teicneolaíochtaí Nektar (Nektar Technologies), atá bunaithe i Sligeach, Fincovi, atá bunaithe i Ros Comáin, a éadáil ag Skyspecs, agus infheistíochtaí sna cuideachtaí *Locker*, *Tympany Medical* agus *Palliare*, atá bunaithe i nGaillimh, i measc cinn eile. Thiomsaigh *Content Llama*, an t-ardán teicneolaíochta cumraíochta ábhair (CCT) is mó in Éirinn atá bunaithe i nDún na nGall, €2.5m agus bhí CFI i measc a chuid infheisteoirí. Thacaíomar le 28 grúpa pobail agus fiontar sóisialta in 2021 trí iasachtaí idirlinne agus téarmaí. Bhí bliain rathúil ag Ciste WRAP, comhthionscnamh idir Ionad Scannán na Gaillimhe agus CFI i gcomhar le húdaráis áitiúla sa Chlár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Údarás na Gaeltachta agus rinneadh go leor infheistíochtaí, an tsraith *Smother* ar RTÉ a scannánaíodh sa Chlár ina measc. Coimisiúnaíodh anailís shocheacnamaíoch ar 20 bliain d'infheistíocht (Ciste Infheistíochta an Iarthair) CII in 2021 agus scaipfear na torthaí in 2022.

Chuir CFI fáilte roimh an Straitéis 'Ár dTodhchaí Tuaithe' a fhoilsiú. Léirigh seo na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an saol tuaithe, thug sé léargas ar obair bheartais, i limistéir cosúil leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, táscairí geilleagracha agus tionchar na paindéime agus soghluaisteacht thuaithe mar chuid den aistriú níos fairsinge go geilleagar ísealcharbóin. Foilsíodh i mbliana chomh maith tuarascáil ar **athnuaiteáin agus bonneagar eangaí** agus forbraíodh **'Réigiún Nuálaíochta'**. Cuireann seo le hacmhainn aitheanta an Ghréasáin Mhol Náisiúnta mar fhoinsí de ghníomhaíocht agus de nuálaíocht gheilleagrach a léirítear i gcuairt an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar, ar Ionad Fiontar Bhéal Átha na Sluaighe in Iúil mar chuid den fheachtas 'Making Remote Work'.

Leantar ag díriú laistigh den réigiún ar smaointe le haghaidh méadú, agus leithdháileadh **cistiú idirlinne INTERREG** le forbairt bhreise a dhéanamh ar thionscadail reatha i limistéir cosúil le turasóireacht liteartha, meantóireacht ar líne agus athnuaiteáin a úsáid. Tugadh an tionscadal turasóireachta liteartha **SPOT-LIT** chun solais i measc na dtionscadal seo ag comhdháil bhliantúil Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Artach i Sligeach. Táimid ag oibriú i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus maoinitheoirí agus gníomhaireachtaí eile ar fud an réigiúin **i dTionscadal**

an Gheilleagair Chruthaithigh agus in Grow Remote. Fiontar sóisialta atá i dtionscadal eile den saghas sin a lorgaíonn pobail inbhuanaithe a fhorbairt trí chianoibriú agus Campas Soghluaisteachta Amach Anseo na hÉireann (Future Mobility Campus Ireland), seift tástála le haghaidh feithiclí féinrialaitheacha ar talamh, muir agus san aer i Sionainn, Contae an Chláir, inar cuireadh an chomhdháil idirnáisiúnta Electronomous ar siúl i Samhain.

Chuireamar deireadh leis an mbliain tríd an bhfeachtas 'Níl Aon Tinteán mar do Thinteán Féin' a sheoladh leo siúd a spreagadh a thagann abhaile chun fanacht san iarthar. Cuireann seo le seoladh westernjobs.ie níos luaithe i mbliana lena cheadú do dhaoine a thabhairt le fios go mbeartaíonn siad glacadh le ról san iarthar, agus lena cheadú d'fhostóirí an iomaí ról a thabhairt chun solais ar gach leibhéal agus in earnálacha éagsúla atá ar fáil faoi láthair. Tugadh spléachadh den saol a bhíonn i ndán dóibh siúd a thugann faoin aistriú sin ar TG4 in 2021 níos luaithe i mbliana nuair a craoladh an tsraith sé chlár 'Moving West', a d'inis scéalta iad siúd a bhog go Maigh Eo, an Clár, Gaillimh, Ciarraí, Liatroim agus Sligeach.

Seo a leanas achoimre ar obair na foirne ar fud CFI i rith 2021. Ní fhéadfaí seo a dhéanamh murach tacaíocht ár gcomhghleacaithe sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus phríomhpháirtithe leasmhara eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus AE. Leanann ár n-ionadaithe poiblí le heolas a chur ar fáil don obair seo tríd an teagmháil sheasmhach a dhéanann siad le riachtanais agus uaillmhian phobal, agus táimid ag tnúth le hoibriú leo uile i rith 2022 agus ina dhiaidh sin.

Is cúis mhór bhróid domsa, mar Phríomhfheidhmeannach, obair fhoireann Choimisiún Forbartha an Iarthair.



**Tomás Ó Síocháin**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Coimisiún Forbartha an Iarthair



The Bryden Centre at CoLab Innovation Centre in Donegal

# Ár Misean

Forbairt gheilleagrach agus shóisialta sa réigiún a chothú agus a chur chun cinn.

Comhlacht reachtúil is ea Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) a bunaíodh i 1997 chun forbairt shóisialta agus gheilleagrach araon a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair (ina gcuimsítear Contae Dhún na nGall, Liatroma, Shligigh, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir).

Tá ról reachtúil aige comhairle a chur ar an Rialtas ar shaincheisteanna a imríonn tionchar ar Réigiún an Iarthair agus beartas Rialtais a chur chun cinn atá dírithe ar chaighdeáin shóisialta agus gheilleagracha anseo a fheabhsú. Déanann sé bainistiú ar Chiste Infheistíochta CFI, a sholáthraíonn iasachtaí agus gnáthscair do ghnólachtaí agus pobail áitiúla i Réigiún an Iarthair.

Tugtar cuntas ar ár n-obair inár straitéis *'Oibrigh Níos Cliste, Maireachtáil Níos Fearr' (Work Smarter, Live Better')*. Foilsíodh é in 2019 agus leagtar amach ann treochlár na heagraíochta do na chéad chúig bliana eile amach romhainn. Tógadh an straitéis ar thrí cholún:

- Cur chun cinn réigiúnach
- Ceannaireacht réigiúnach
- Fiontraíocht inbhuanaithe

Spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a léiriú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.



# Ár bhFís

Oibriú go comhoibritheach chun ár réigiún a chur chun cinn ar leibhéal domhanda agus dícheall a dhéanamh na dúshláin ar leibhéal réigiúnach a mhaolú agus a shárú le pobail bheoga cheangailte a chinntiú.



MMG Welding na Cealla Beaga, Dún na nGall

**Maireachtáil Níos Fearr**
Cuirfimid Réigiún an Iarthair chun cinn mar réigiún atá iomaíoch go domhanda ina bhfuil sárchothromaíocht oibre is saoil. Oibreoimid chun éagothroime réigiúnach a mhaolú, laistigh den réigiún agus le réigiúin eile, agus glacfaimid ceannas maidir le cothromaíocht deiseanna oibre níos cliste agus comhionannas deiseanna agus teacht ar thacaíochtaí stáit do gach saoránach ar fud an réigiúin a sholáthar.

**Aithnímid...**
In ainneoin athrú suntasach, agus leanúnach, sóisialta timpeallachta agus teicneolaíochta, cuirtear cothromaíocht Saoil is oibre agus deiseanna pearsanta agus gairmiúla chun dul chun cinn a dhéanamh, atá ar na cinn is fearr ar domhan, ar fáil i Réigiún Iarthar na hÉireann.



# Struchtúr CFI

**Cas leis an bhfoireann**
D'fhostaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair 27 ball foirne Iar fud na heagraíochta.

AMHAIRC AR LIOSTA IOMLÁN NA MBALL FOIRNE ANSEO

## Comhaltaí Boird

Tá Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta sa Bhord agus ceapann Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail iad go léir. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 bliana agus chas siad ar a chéile 8 n-uaire in 2021.

Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí reatha an Bhoird.

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| An tUasal Gerry Finn | Cathaoirleach | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Aisling Meehan | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Audrey Crummy | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Christy Loftus | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Edmund Jennings | Gnáthchomhalta | An 22 Lúnasa 2021 |
| An tUasal Mary McKenna | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Mary Coyne | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tOllamh Mary P. Corcoran | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal John Kelleher | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Henry McGarvey | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Peter Hynes | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |
| An tUasal Sandra Nolan | Gnáthchomhalta | An 12 Samhain 2020 |

# An Réigiún

Tá Réigiún Iarthar na hÉireann suite feadh imeall tosaigh na hEorpa agus is ann atá an áilleacht fhisiciúil is áille sa tír. Réigiún codarsnachtaí atá ann, agus is ann atá mol domhanda teicneolaíochta leighis, saineolas aitheanta tionsclaíoch ar bhraiteoirí agus ar shoghluaisteacht agus geilleagar cruthaitheach a bhfuil borradh ag teacht air.

Ó bunaíodh é, ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair le ról tábhachtach i mborradh geilleagrach an réigiúin. Bhí 43,686 fiontar geilleagar gnó cláraithe in 2019 i Réigiún an Iarthair, mar a bhfuil 16% de na fiontair gheilleagar gnó uile in Éirinn suite. Micrithionscadail iad a bhformhór – 92% i Réigiún an Iarthair i gcomparáid le 91% sa chuid eile den stát. Is i Ros Comáin (94%) agus Liatroim (94%) atá na méideanna is airde de mhicrithionscadail in Éirinn.

Réigiún tuaithe, den chuid is mó, atá i Réigiún an Iarthair agus tá Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár chomh maith le cuid de na codanna is iargúlta sa tír ann. I bhfírinne, cónaíonn 64.7% den daonra lasmuigh de bhailte ina bhfuil 1,500 nó níos mó duine agus sin an fáth go leagann CFI béim ar leith ar riachtanais, agus ar dheiseanna, do níos mó ceantair fhorimeallacha.



# Cur chun Cinn Réigiúnach

Dírímid sa ghearrthéarma, ar phróifíl an réigiúin a ardú agus ár scéal a insint do lucht spéise níos fairsinge, go háirithe iad siúd a lorgaíonn cónaí nó obair anseo. Ceantar ina bhfuil áilleacht shuntasach fhisiciúil é Réigiún an Iarthair, atá suite ar chósta Atlantach na hÉireann, imeall thiar na hEorpa agus ar pointe iontrála nádúrtha é ó SAM, Ceanada agus Críocha Mheiriceá. Bliain spreagúil a bhí ann i mbliana i dtaobh an réigiún a chur chun cinn agus tugtar cuntas ar roinnt tionscadal agus seoltaí thíos..

**Westernjobs.ie**

Sheol CFI westernjobs.ie, ardán post ar líne a déanann na deiseanna gairm bheatha ardchaighdeáin agus ilchineálacha sa réigiún a chur chun cinn agus a thaispeáint, an 27 Aibreán 2021. Ní raibh uirlis a bhaineann go sonrach le hIarthar na hÉireann ar fáil riamh roimhe seo. Is féidir le cuardaitheoirí poist an iomaí rogha poist a fháil, cianoibriú agus roghanna hibrideacha agus fostaíocht lánaimseartha agus pháirtaimseartha oscailte i measc go leor earnálacha san áireamh.

Ní hamháin go soláthróidh an tairseach nua – atá saor in aisce lena húsáid – an deis do chuardaitheoirí poist a rogha poist a fháil, tabharfaidh sé eolas d'fhostóirí freisin ar na daoine oilte atá ar fáil dóibh i gcontae ar leith i Réigiún an Iarthair. Dheimhnigh taighde a rinne CFI in Eanáir go raibh 50 faoin gcéad d'fhostóirí móra sa réigiún thíos le líon teoranta daoine oilte do phoist oscailte agus bhí deacracht ag 32.65 faoin gcéad díobh foireann shinsearach a aimsiú.



I gcás cuardaitheoirí poist, cuireann WesternJobs.ie ionad ilfhreastail ar fáil dóibh leis an eolas go léir a thabhairt dóibh a theastaíonn uathu faoi dheiseanna san Iarthar agus faoi na tairbhí a bhaineann le bogadh ann. Ceadóidh sé dóibh bheith ar an eolas i gcónaí ar phoist ábhartha bunaithe ar a scileanna agus a roghanna agus cuirfidh sé ar a gcumas ceangal le fostóirí agus gníomhaireachtaí ar fud an réigiúin.

Faoi Nollaig 2021, tá a mhéid le 400 próifíl fostóra cláraithe anois agus bíonn breis agus 500 ról gníomhach poist ann ag aon tráth amháin. Le bonnlíne thrácht láithreán gréasáin a dheimhniú ón seoladh, dhíríomar ar thrácht agus ar chur chun cinn orgánach trí chainéil mheán sóisialta CFI le hábhar cosúil le 'Na 10 bPost is Fearr sa tSeachtain'. Beartaímid in 2022 feachtas margaíochta íoctha ar líne a sheoladh lena n-áireofar Spotify, Facebook, YouTube agus cainéil eile shóisialta a dhíríonn ar chohóirt ar leith ar dtús in Oirthear na hÉireann.

IS FÉIDIR NÍOS MÓ A LÉAMH FAOIN SEOLADH ANSEO



**Branda nua Moil Cheangailte (Connected Hubs) a fhorbairt agus a sheoladh**
Sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, TD, an Gréasán Mol Ceangailte go hoifigiúil an 31 Bealtaine 2021, agus ba é chéad ghréasán náisiúnta mol cianoibrithe na hÉireann.

Príomhghníomh é Connectedhubs.ie dár Straitéis *Ár dTodhchaí Tuaithe* agus cuireadh 176 mol leis an ardán ó seoladh é. Bainfear an sprioc fhoriomlán 300 mol amach in 2022. Is féidir le daoine spás deisce, oifige nó cruinnithe a chur in áirithe agus íoc as anois le haghaidh aonúsáide, úsáid ghearrthéarmach nó fhadtéarmach trí connectedhubs.ie.

Chaith CFI go leor ama ar an bhfoireann teicneolaíochta a sholáthar chun an suíomh féin a thógáil agus chun an branda agus an lógó nua a chruthú i gcomhthráth le hionchur ón Roinn. Ó seoladh é, tá borrtha tagtha ar an bhfoireann Mol Ceangailte agus tá am á chaitheamh ar mhoil fud fad na tíre a chur leis agus ar chaidreamh a fhorbairt le bainisteoirí moil.

Tá an chéim thosaigh dírithe ar 150+ mol a chur leis ag an tráth sin inar féidir linn tosú ag díriú ar ghlaonna chun gnímh i measc tomhaltóirí agus ar an trácht chuig an láithreán a chur chun cinn. Déanfar seo trí ábhar a chruthú agus trí fheachtais ghníomhachtaithe náisiúnta mhargaíochta.

IS FÉIDIR NÍOS MÓ A LÉAMH FAOIN SEOLADH ANSEO



**Sraith Podchraoltaí**

Seoladh ár Sraith Podchraoltaí nua, Pulse of the West, in 2020 agus tá léargas ó CFI, ón tionscal agus ón lucht acadúil ann. Tá an podchraoladh ceaptha ár bpríomhpháirtithe leasmhara, comhairlí contae, cumainn tráchtála, ár roinn agus eagraíochtaí eile a aimsiú le béim a leagan ar an ról a ghlacann CFI i measc saincheisteanna iomadúla. Chuir ár POF, Tomás, é ar siúl, agus lean an podchraoladh de bheith ar siúl i rith 2021 agus cuimsíodh ábhair cosúil leis na rudaí seo a leanas ann;

Bailte Beaga: an Todhchaí (Small Towns: The Future)

Phléamar sa chlár seo todhchaí ár mbailte agus ár sráidbhailte beaga, a bhforbairt reatha agus a n-ionchais san áireamh.

Cogaí Tallainne (Talent Wars)

D'fhiosraíomar sa chlár seo conas atá tallann á mealladh ag fostóirí ar fud an réigiúin agus cén straitéisí atá á gcur chun feidhme acu chun earcaíocht a dhéanamh.

Réigiún Nuálaíochta Sóisialta a Fhorbairt

Labhraíonn Tomás sa chlár seo le trí fhiontar shóisialta faoi na deiseanna le haghaidh "Nuálaíocht Shóisialta" sa réigiún.

Ag Oibriú Aon Tráth, Aon Áit (Working Anywhere, Anytime)

Tá ábhar na hoibre cumaisc nó hibridí faoi chaibidil sa chlár seo.

Borradh á Cur chun Cinn ag an Nuálaíocht san Iarthar (Innovation Driving Growth in the West)

Phléamar sa chlár seo nuálaíocht agus conas is féidir leis seo borradh gnó i Réigiún Iarthar na hÉireann a chur chun cinn go mór.

IS FÉIDIR ÉISTEACHT LEIS NA PODCHRAOLTAÍ GO LÉIR ANSEO

**'Moving West' ar TG4**

Sheol CFI sraith uaillmhianach nua sé pháirt, *Moving West* an 23 Meán Fómhair ag 9pm. Craoladh an tsraith ar TG4 agus léirigh Dundara Television and Media é.

D'fhiosraigh an lucht féachana fíortheachtaireacht sa tsraith sé pháirt spreagúil agus inspioráideach, is é sin, nach mbeidh do shaol, agus do ghairm bheatha, ach go háirithe, thíos leis má bhogann tú go hIarthar na hÉireann. D'fhiosraigh gach clár leathuaire an iomaí deis atá ar fáil sa réigiún seo i measc earnálacha iomadúla, agus léirítear dúinn go bhfuil daonra maith sa réigiún anuas ar chuideachtaí móra náisiúnta agus domhanda, i dteannta le héiceachóras beoga do ghnólachtaí nuathionscanta agus go bhfuil a thréithe agus a áilleacht náisiúnta fós á gcothú ann.

Ar aon dul le feachtas Choimisiún Forbartha an Iarthair "tá an Saol Níos Ilghnéithí", léirigh an tsraith a chuir an craoltóir cáiliúil Mary Kennedy i láthair, don phobal na féidearthachtaí a bhíonn le tapú má dhéanann siad an cinneadh gurb é Iarthar na hÉireann an áit cheart dá gcéad aistriú eile. Bhí breis agus 650,000 duine ag féachaint ar an gclár agus is féidir féachaint anois air ar sheinnteoir TG4. Ní hamháin gur thacaigh ár bhfoireann leis an gclár píolótach ó thaobh airgeadais de ach d'oibrigh siad go dlúth le Dundara leis an gclár a léiriú, agus roghnaíodh aíonna agus cabhraíodh leis an scéal, príomh-chomhpháirtithe cosúil le ÚFT agus Údarás na Gaeltachta, a stiúradh. Chuireamar mol digiteach amháin san áireamh freisin ón ardán Mol Ceangailte i ngach clár a thug léargas don lucht féachana ar conas a oibrítear iad.

IS FÉIDIR NÍOS MÓ A LÉAMH FAOIN GCLÁR ANSEO



**Cruinniú Mullaigh Mol Uile-Éireann**
Seoladh Cruinniú Mullaigh Mol Uile-Éireann i Samhain 2021 agus ba é an chéad cheann dá shamhail. Imeacht hibrideach a bhí ann a cheangail breis agus 300 mol, spás comhoibrithe agus ionad fiontar ó áiteanna fud fad na tíre. Thit sé amach an 8 agus an 9 Nollaig agus sholáthair sé léargas agus spreagadh do mhoil ag aon chéim dá n-aistear a thug comhoibriú nua idir na sé mhol is mó in Éirinn agus ár bhfoireann ag ConnectedHubs.ie chun solais.

**Bunachar Íomhánna Iarthar na hÉireann**
Sheolamar ardán úrnua ar líne i mí na Nollag 2020 ar a gcuirfear íomhánna atá saor in aisce lena n-úsáid in airde chun maireachtáil, oibriú agus infheistiú in Iarthar na hÉireann a chur chun cinn. Roghnaíodh Sligeach mar an áit phíolótach i dtosach don Bhunachar Íomhánna. Cuireadh moill fhada ar an mBunachar Íomhánna a fhorbairt mar gheall ar shrianta na paindéime in 2021. Rinneadh dul chun cinn, áfach, ar Dhún na nGall, Liatroim agus Ciarraí, agus tá súil le hiad a sheoladh go luath 2022.

Tá súil againn freisin contaetha eile ar fud Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA) a chur san áireamh, a chinntíonn go bhfuil bunachar íomhánna againn atá cothrom le dáta a chabhróidh leis an réigiún a thaispeáint mar áit iontach le cónaí, le hoibriú agus le hinfheistiú ann. Beidh íomhánna saor in aisce lena n-úsáid ag comhpháirtithe, iriseoirí nó páirtithe leasmhara ar mian leo an réigiún a léiriú ar bhealach dearfach.

AMHAIRC AR AN MBUNACHAR ÍOMHÁNNA ANSEO



**'Níl Aon Tinteán mar do Thinteán Féin' (No Place Like Home)**

Sheol Coimisiún Forbartha an Iarthair feachtas nua an 23 Samhain 2021 atá dírithe orthu siúd a d'fhás aníos san Iarthar ach a mhaireann thar lear anois. Ba thráthúil don fheachtas mar gheall go mbeartaíonn go leor díobh siúd timpeall an domhain anois taisteal abhaile don Nollaig den chéad uair ó buaileadh sinn ag paindéim Covid-19. Ba shoiléir don teachtaireacht ó CFI – má bheidh tú ag teacht abhaile, is fiú duit machnamh a dhéanamh ar fhanacht.

Chuir CFI imeacht ar líne ar siúl mar chuid den fheachtas an 10 Nollaig 2021 inar léiríodh na deiseanna uile le haghaidh diaspóra atá ar fáil in Iarthar na hÉireann agus fiosraíodh cuid de na cúiseanna gurb iontach an t-am anois é bogadh ar ais ann.

Fiosraíodh san imeacht saor in aisce ar líne na hionchais fostaíochta i measc earnálacha éagsúla tríd an ardán Westernjobs.ie, a seoladh le déanaí anuas ar na príomhdhúshláin, deiseanna agus tacaíochtaí atá ar fáil dóibh siúd atá ag machnamh faoi bhogadh abhaile ó áit thar lear.

I measc na n-aoichainteoirí, bhí an Dr Eithne Ní Bhrádaigh ó Vistamed i Liatroim, David Kenny VP le Overstock.com atá bunaithe i Sligeach, Bernice Faherty, Stiúrthóir Comhlach Acmhainní Daonna, Aerogen i nGaillimh agus Ruth O'Donoghue, Bainisteoir Acmhainní Daonna le Táirgí Míochaine Harmac i Ros Comáin. Bhí painéal saineolaithe ag an imeacht freisin ó áiteanna timpeall an domhain a ghlac páirt chun plé a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna i dtaobh iad siúd thar lear atá ag iarraidh bogadh abhaile. Ina measc seo, bhí POF Institiúid Líonraithe Kingsley Aikins, Cathaoirleach Bhord Contae na hÁise, John Alan O'Sullivan, Denise Kidd ó Ionad Éireannach Londan agus an tEolaí Meaisínfhoghlama, John Savage, a bhog abhaile go Sligeach i ndiaidh cónaí a bheith air in Chicago agus Baile Átha Cliath.

Feictear dúinn gurb é an chéad chéim a bhí san imeacht seo chun tacú leis an diaspóra agus CFI a shuíomh mar ghníomhaireacht atá toiliúil chun oibriú le príomh-chomhpháirtithe eile anseo in Éirinn agus thar lear araon.

IS FÉIDIR NÍOS MÓ A LÉAMH FAOIN IMEACHT ANSEO

# Ceannaireacht Réigiúnach



**Áirítear leis seo ár spriocanna meántéarmacha chun comhtháthú a fhorbairt ar fud an réigiúin, trí thionscadail mhóra, cosúil le Conair Gheilleagrach an Atlantaigh. Léiríonn sé chomh maith ár dtacaíocht don aistriú chuig obair chianda agus dháilte, a chuireann deiseanna suntasacha ar fáil le haghaidh borradh tuaithe agus réigiúnach. Cumhdaítear sa cholún seo dár straitéis chomh maith anailís beartais ar phríomh-shaincheisteanna réigiúnacha agus ar thionscadail náisiúnta agus AE a fhiosraíonn agus a mheasann bealaí nua oibre agus le comhoibriú a dhéanamh agus soláthraíonn sé an t-ardán ar mhaithe le smaointeoireacht chun cinn agus athléimneacht réigiúnach.**

### Anailís Beartais

Scrúdaíonn an fhoireann anailíse sonraí agus saincheisteanna a bhaineann le forbairt shóisialta agus gheilleagrach Réigiún an Iarthair. Is éard a bhaineann leis seo gné réigiúnach a sholáthar nuair a dhéantar sonraí foilsithe a anailísiú, anuas ar thabhairt faoi phríomhthaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil. Tá buaicphointí obair na foirne beartais i rith 2021 faoi chaibidil thíos.



**95%**
**Ba mhaith leis an gcuid is mó oibriú go cianda cuid den am nó an t-am ar fad tar éis na géarchéime**

**Innéacs Soghluaisteachta do Bhailte i Réigiún an Iarthair**
Glacann soghluaisteacht le ról bunriachtanach maidir le rath geilleagrach agus caighdeán na beatha i mbailte beaga. Thosaigh CFI in 2021 le Soghluaisteacht a fhorbairt lena cheadú d'ionaid tuaithe i Réigiún an Iarthair folláine a gcóras soghluaisteachta agus a n-ullmhacht do dheiseanna iompair agus soghluaisteachta amach anseo a thomhas.

Bealach a bheidh san Innéacs seo a chabhróidh leis an rialtas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, soláthraithe iompair agus daoine sna háiteanna féin a gcórais soghluaisteachta agus a n-ullmhacht do phatrúin iompair agus soghluaisteachta amach anseo a thuiscint. Tagann an obair seo le sé cinn de Thorthaí Straitéiseacha na bPleananna Forbartha Náisiúnta, agus rinne an díriú ar shoghluaisteacht níos inbhuanaithe in Ár dTodhchaí Tuaithe agus, dar ndóigh, sa bheartas um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tionscadal seo a chur chun cinn go mór.

Cuirfidh an bhuntuiscint ar shoghluaisteacht tuaithe ar ár gcumas againn freisin measúnú a dhéanamh ar réitigh fhéideartha soghluaisteachta amach anseo agus ar na deiseanna le haghaidh Soghluaisteachta mar Sheirbhís (MaaS) i mbailte beaga agus i gceantair thuaithe.

**Cianoibriú i rith Covid-19**
Lean Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Institiúid Whitaker ag OÉ, Gaillimh lena gcomhoibriú in 2021. D'fhoilsíomar an tríú suirbhé náisiúnta ar chianobair sa tsraith i mBealtaine 2021.

Bhí sraith ceisteanna ann a bhí cosúil leo siúd a cuireadh in Aibreán 2020, anuas ar shraith nua ceisteanna a bhí dírithe ar dhearcthaí bainisteoirí a dheimhniú maidir le todhchaí na hoibre agus cianobair, ach go háirithe.

Tá na grafaicí faisnéise ar fáil anseo agus tá tuarascáil iomlán ar fáil anseo

Chuir torthaí an staidéir ar chianoibriú eolas ar fáil d’fhostóirí faoi eispéiris fostaithe den chianoibriú. Dhírigh an suirbhé ar na fostaithe siúd a bhí ag oibriú go hiomlán cianda faoi láthair nó orthu siúd a raibh meascán d’obair ar an láthair agus cianobair ar siúl acu. Sainaithníodh príomhléargas ar thodhchaí na hoibre agus ar na dúshláin agus na deiseanna d’fhostóirí agus d’fhostaithe araon.

Tuairiscíodh torthaí an tsuirbhé go fairsing a sholáthair foinse uathúil eolais ar eispéiris fostóirí agus fostaithe i rith Covid-19 in 2021.

Lean CFI ag glacadh páirte sa Ghrúpa Idir-Roinne um Chianobair atá faoi stiúir na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a chuir eolas ar fáil do thionscnaimh éagsúla bheartais atá dírithe ar thacú le Cianobair.



**Anailís Gheilleagrach Réigiúnach**

Chun cabhrú le measúnú níos gaire d'fhíor-am a dhéanamh ar ghníomhaíocht gheilleagrach i Réigiún an Iarthair agus i gConair Gheilleagrach an Atlantaigh (CGA), d'fhorbair an fhoireann Anailíse Beartais Táscairí Geilleagracha Tráthúla (TGT) do Réigiún an Iarthair. Foilsítear tuarascáil an TGT agus tráchtaireacht Blag an Léargais (Insights Blog) CFI a ghabhann léi, ar bhonn ráithiúil agus tugtar cuntas iontu ar threochtaí forbartha réigiúnaí ar fud an mhargaidh shaothair, ídiú agus tithíocht agus tógáil san áireamh. Scaoileadh tuarascálacha TGT i rith 2021 in Eanáir, Aibreán, Lúnasa, agus Deireadh Fómhair. Is féidir leat amharc ar na tuarascálacha TGT anseo.

D'fhoilsigh an fhoireann anailíse beartais sraith tuarascálacha i Márta le hanailís chuimsitheach a sholáthar ar thionchair gheilleagracha na paindéime; Treochtaí Fíor-Ama Geilleagracha Réigiúnacha a Léiriú agus Tionchar Geilleagrach Réigiúnach COVID-19: 2020 de réir Staitisticí Geilleagracha. Bhí an taighde seo bunaithe ar bhunchloch na comhoibre le Banc Ceannais na hÉireann ónar eascair gur foilsíodh Litir Gheilleagrach dar teideal Tionchar Réigiúnach COVID-19: Réigiún an Iarthair agus Conair Gheilleagrach an Atlantaigh i nDeireadh Fómhair 2020.

Cuireadh léargas ginearálta cuimsitheach ar thionchair COVID-19 ar Réigiún an Iarthair agus CGA i láthair ag Comhdháil Mhargadh Saothair Institiúid Nevin 2021 in Iúil. Foilsíodh Beartas Faisnéisithe Uimh. 8, an Plean Forbartha Náisiúnta Leasaithe: Príomh-Shaincheisteanna Réigiúnacha i Meán Fómhair agus leagadh amach ann na dúshláin agus na deiseanna réigiúnacha atá ar fáil dúinn agus romhainn i ngeall ar Covid-19 agus an Breatimeacht.

**Aighneachtaí Beartais**
Déanann an Fhoireann Anailíse Beartais aighneachtaí agus cuireann siad aschur eile le chéile a bhaineann le léargas agus moltaí beartais i measc réimse fairsing limistéar a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn sa réigiún. Rinneadh roinnt aighneachtaí le comhairliúcháin phoiblí in 2021, an Scéim Tacaíochta Micrighiniúna; an Plean Náisiúnta Teacht Aniar agus Téarnamh; Comhairliúchán an Phlean Forbartha Náisiúnta, Athbhreithniú le hAthnuachan (Review to Renew); an Plean um Chur i bhFeidhm Náisiúnta an Líonra Gáis Deich mBliana; an Comhrá Poiblí ar an gCreat Folláine d'Éirinn; Rialachán nua um Breosla Soladach a fhorbairt; an Dréachtchreat Náisiúnta infheistíochta in Iompar in Éirinn agus Comhairliúchán an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le hÉirinn a Cheangal.

**Tionscadail Réigiúnacha, Náisiúnta agus AE**
Déanann CFI tionscadail réigiúnacha, náisiúnta agus AE a stiúradh a fhiosraíonn agus a mheasann bealaí nua oibre agus le comhoibriú a dhéanamh agus soláthraíonn sé an t-ardán ar mhaithe le smaointeoireacht chun cinn agus athléimneacht réigiúnach. Tá buaicphointí ó na tionscadail seo i rith 2021 faoi chaibidil thíos.





**Digiwest**
Tá Digiwest cistithe ag tionscadal an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (an CAFT) agus é mar chuspóir aige ceithre mhol oibre digití tuaithe a fhorbairt.

Bronnadh cistiú ar CFI, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Ros Comáin, Dhún na nGall, Mhaigh Eo agus Shligigh, faoi CAFT na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail leis na moil seo a bhunú i Ros Comáin (Tuilsce), Dún na nGall (Bealach Féich-Srath an Urláir – The Base), Maigh Eo (Béal Átha na Muice – Teach na Cúirte) agus Sligeach (Tobar an Choire – an Croí).

D'oscail an tAire Humphreys trí mhol go hoifigiúil in 2021.

- Tuilsce 26/04/2021
- Béal Átha na Muice 31/05/21
- Dún na nGall 17/09/21

Cuirtear spás oibre áitiúil ar fáil sna moil ag a bhfuil toilleadh teileachumarsáide ardluais ar féidir leis na hoibrithe, fiontraithe agus pobail áitiúla iad a úsáid. Cruthaíonn siad tairbhí sóisialta freisin agus is féidir le grúpaí pobail áitiúla teacht ar áiseanna agus ar leathanbhanda ardluais.

Sárshampla é tionscadal Digiwest de chomhoibriú réigiúnach ina mbeidh ceithre Údarás Áitiúla, a oibríonn le CFI agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ag cumasú agus ag tacú le pobail oibriú sa gheilleagar digiteach.



connectedhubs

**Moil Cheangailte**
Seoladh an Líonra Mol Náisiúnta agus an t-ardán (ConnectedHubs.ie) an 31 Bealtaine 2021. Thit an seoladh amach i Mol Digiwest sa Teach Cúirte i mBéal Átha na Muice i gContae Mhaigh Eo, i dteannta an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, TD.

Is iad foireann Líonra Mol Náisiúnta CFI an oifig bainistíochta tionscadail don tionscnamh náisiúnta seo. Bhí 66 mol beo ar ConnectedHubs.ie ar lá an tseolta, agus bhí méadú aníos go dtí 176 tagtha ar an líon seo faoi dheireadh na bliana 2021.

Príomhghníomh de Ár dTodhchaí Tuaithe (Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025) é an Líonra Mol Náisiúnta a fhorbairt trí ConnectedHubs.ie.

Thosaíomar in 2019 leis an taighde ar thionscadal Mhoil Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh agus d'aithin an Rialtas ár saineolas san earnáil seo nuair a d'iarr an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an RFTP) ar CFI an tionscadal a thabhairt isteach ar fud na tíre trí chéile mar phríomhthionscnamh náisiúnta nuair a tháinig an phaindéim chun solais in 2020.

Tháinig borradh faoi fhoireann na mol ceangailte i rith 2021 aníos go ceathrar comhaltaí lánaimseartha agus fostófar comhalta eile i Márta 2022. Díreoidh an ball foirne nua ar idirchaidreamh a dhéanamh le gnóthais chorparáideacha agus le gnólachtaí le húsáid ardán Connectedhubs.ie a chur chun cinn.

I measc na mbuaicphointí eile a baineadh amach i rith 2021, bhí:

- Forbairt leanúnach ar an teicneolaíocht a bhuntacaíonn le ConnectedHubs.ie, aip áirithinte mhóibíleach d'úsáideoirí a fhorbairt, an t-ardán a chomhtháthú le córas rialaithe rochtana foirgnimh agus treochlár nua trí bliana d'fheidhmiúlacht bhreise a fhorbairt san áireamh.

- Léarscáiliú agus Suirbhé an Líonra Náisiúnta Mol: (An suirbhé náisiúnta is cuimsithí faoinar tugadh riamh).

- Fuarthas 625 freagairt ar an suirbhé faoi dheireadh 2021, agus rinneadh 471 mol féideartha a léarscáiliú dá bharr.

- Cuireadh feabhsúcháin leanúnacha agus feidhmiúlacht bhreise leis an léarscáiliú idirghníomhach i rith 2021. Thit sonraí a roinnt le hiliomad páirtithe leasmhara éagsúla, an POS, DigitalHQ, Ludgate, Comhairle Contae an Longfoirt agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath amach i rith na bliana.

- Tairseach Léarscáilithe Chumann Tráchtála na Gaillimhe – chomhoibrigh CFI agus chruthaigh sé feidhmchlár léarscáilithe gréasáin idirghníomhach ar líne ArcGIS 'Anailís Infheistíochta – Cathair agus Contae na Gaillimhe' do Chumann Tráchtála na Gaillimhe in 2021.

- Bunaíodh imeachtaí líonraithe gach coicís d'úinéirí agus bainisteoirí Moil ar fud na hÉireann. Éascaíodh 14 chruinniú, ar an iomlán, agus bhí lucht freastail 833 duine ann (60 duine in aghaidh an tseisiúin, ar an meán). Chuir an líonra beoga seo ar chumas againn tacú le moil ar bhealaí an-phraiticiúla, go háirithe nuair a tháinig athrú ar rialacháin agus treoirlínte COVID-19 ag céimeanna éagsúla i rith 2021.

- Rinne Zoom comhpháirtíocht le CFI le ceadúnú gráid Fiontraíochta a sholáthar do gach ball den líonra Mol Ceangailte ar feadh tréimhse thosaigh trí bliana. Is éard a bhíonn mar thoradh air seo ná go mbíonn teicneolaíocht den chéad scoth ar fáil i ngach mol fud fad na tíre. Le fógairt i Ráithe 1 2022.

- Ghlac an fhoireann Mol Ceangailte páirt mhór i gciste €8.9m na Mol Ceangailte a thabhairt isteach i gcomhar leis an RFTP. Áiríodh leis seo cabhrú le moil fad a rinne siad a n-iarratais a líonadh. Chuir an soláthar seo cistithe borradh ollmhór faoin earnáil agus cuirtear fáilte mhór freisin roimh an deimhniú gur clár ilbhliantúil a bheidh ann.





## Geilleagar Cruthaitheach

Sainaithníodh CFI in 2021 mar an bpríomhghníomhaireacht i bPlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil mar chuspóir aige an Geilleagar Cruthaitheach sa réigiún a fhás. I gcomhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta, agus Oifigí Áitiúla Geilleagracha, dírítear ar fhás díreach na hearnála agus ar a cumas tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta níos fairsinge réigiúnach a chur chun cinn.

Sheol CFI agus OÉ, Gaillimh "an tIarthar Cruthaitheach a Atreisiú" le NUIG, ar léargas uathúil é ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh agus ag FBManna Cruthaitheacha réigiúnacha. Príomhthorthaí do Gheilleagar Cruthaitheach an Iarthair: Borradh tuartha ar fhostaíocht sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

- Leanann FBManna de bheith dearfach faoi bhorradh amach anseo.
- Tuarann breis agus dhá thrian go dtiocfaidh méadú ar fhostaíocht amach anseo.
- Léirítear na príomhriachtanais a sainaithníodh do bhorradh sna freagairtí ó na FBManna, i.e. cistiú, spás, rochtain ar an margadh agus teicneolaíocht.

Tátail an tSuirbhé

- Tá rioscaí gearrthéarmach i dtaobh cineáil de agus chruthaigh an phaindéim iad – cé go dtuarann FBManna GC gur tháinig laghdú 15% ar dhíolacháin mar gheall ar Covid in 2020, tuarann siad sna chéad chúig bliana eile amach romhainn go dtiocfaidh méadú 10% orthu.

- Tá FBManna áirithe ag fás fiú agus dúshlán na Paindéime rompu – iad siúd is mó atá i gceist atá dírithe ar an teicneolaíocht a bhfuil táirgí acu nach ndírítear go díreach ar lucht spéise.

- D'fhéadfadh na dúshláin atá roimh chleachtóirí a dhíríonn go díreach ar lucht ceannaigh – óna n-eascraíonn breithniú láithreach agus suntasach tacaíochta le tuairisceáin fhadtéarmacha thuartha a chinntiú.

- Meastar go bhfuil nuálaíocht ag an earnáil ríthábhachtach.

- Aicmítear Infheistíocht Mhéadaithe ar an toisc bhorrtha amach anseo is mó i measc na bhfo-earnálacha geilleagair chruthaithigh go léir.

- Toisc dho-athraithe é áit i ngeilleagar cruthaitheach limistéar i gceantar na Gaillimhe-Ros Comáin-Mhaigh Eo.

- D'fhéadfadh aistriú ó ghlúin go glúin titim amach san earnáil go dtí bealach nua táirgthe agus chun ceangal a dhéanamh leis an tsochaí/cliaint tríd an teicneolaíocht.

**Tacaíochtaí Eile na hEarnála Cruthaithí**

- Rinneadh aighneacht rathúil le Gairm Interreg an Fhorimill Thuaidh ar an togra nuálach Createc, Teicneolaíocht Turasóireachta Litearthachta an Tuaiscirt (NLite), a bhain cistiú thart ar 60,000 euro amach lena chumasú tionscadal a fhorbairt atá ceaptha FBManna Cruthaitheacha a chumasú an Teicneolaíocht Dhigiteach a úsáid le teacht ar mhargaí domhanda a chumasú.

- Roghnaigh CFI tacú leis an eagraíocht Voices of Culture chun eolas a thabhairt do Choimisiún an AE ar an idirghníomhú idir an earnáil Chultúrtha/Chruthaitheach agus an lucht spéise digiteach (https://voicesofculture.eu/)







**Tionscadail an AE – Acmhainní a Fhorbairt don Réigiún agus dá Pháirtithe Leasmhara**

Leanann CFI leis an teacht is fearr a chur ar fáil do Réigiún an Iarthair ar thionscadail straitéiseacha chomhtháiteacha atá cistithe ag an AE a d'athraigh earnálacha dá bharr cosúil leis an ngeilleagar cruthaitheach, fuinneamh in-athnuaite, tacaíocht do FBM, etc.

Na Rudaí ba Mhó ar baineadh Rath amach iontu in 2021

- Ar an iomlán, thug CFI agus a chomhpháirtithe réigiúnacha faoi luach beagnach €15.18 milliún de chistiú gníomhach AE a sholáthar.

- Ghlac 189 FBM réigiúnach páirt i gclár CFI an AE nó tugadh tacaíocht dóibh tríd

- Ghin na Tionscadail €1,888,381 go díreach do Réigiún Iarthar na hÉireann

- Bronnadh cistiú ullmhúcháin AE €236,000 ar cheithre aighneacht (an Geilleagar Ciorclach, an Geilleagar Ciorclach, Moil, agus meantóireacht ar FBManna)





# BizMentors International

Tionscadal atá cistithe ag an AE cistithe é seo atá cómhaoinithe ag Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach. Is é CFI an príomh-chomhpháirtí sa tionscadal seo agus tá sé ag oibriú i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí in Éirinn, an Íoslainn, an Íoslainn agus Tuaisceart Éireann. Tá mar chuspóir ag an tionscadal ardán meantóireachta ar líne a fhorbairt chun cabhrú le FBManna i gceantair iargúlta atá bunaithe i réigiúin chomhpháirtíochta chun teacht ar thacaíocht gnó trí mheantóireacht ar líne saor in aisce. Tá láithreán gréasáin an tionscadail beo ag https://bizmentors.eu/

Ba é toradh deiridh an tionscadail gur bunaíodh samhail agus ardán meantóireachta ar líne BizMentors International chun tacú le fiontraithe agus an gnó i gceantair chianda agus faoi líon beag daoine. Tá buiséad iomlán €1.3m ag an tionscadal agus cuireadh síneadh leis go dtí Márta 2022 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**Na Rudaí ba Mhó ar baineadh Rath amach iontu in 2021:**

I ndiaidh go ndearnadh tástáil rathúil ar mheantóireacht as líne pháipéarbhunaithe, bunaíodh an chomhpháirtíocht ar ardán ar líne le meantóireacht ar líne a éascú. Bronnadh conradh ar Enovation Solutions Ltd. chun ardán BizMentors International a tógadh le sainchuspóir a fhorbairt trí úsáid a bhaint as ardán foghlama foinse oscailte Moodle. Forbraíodh algartam chun cabhrú leis an meantóir agus na meantaithe cearta a mheaitseáil. Seoladh an t-ardán in 2021 go mbainfí triail phíolótach as ar bhonn náisiúnta agus trasnáisiúnta i réigiúin na gcomhpháirtithe.

| | An Fhionlainn | An Íoslainn | Éire | Tuaisceart Éireann | Na réigiúin go léir, ar an iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na Meantaithe* | 6 | 6 | 10 | 2 | 24 |
| Líon na Meantóirí* | 7 | 4 | 8 | 1 | 20 |
| **Líon na rannpháirtithe, ar an iomlán*** | **13** | **10** | **18** | **3** | **44** |

| **Líon na bhfostaithe** | **Líon na gcuideachtaí meantaithe** |
|---|---|
| 1-4 fhostaí | 20 cuideachta mheantaithe |
| 5-9 bhfostaí | 1 chuideachta mheantaithe |
| 10-19 bhfostaí | 1 chuideachta mheantaithe |

Foilsíodh Lámhleabhar Dea-Chleachtais nuashonraithe freisin, atá bunaithe ar Shamhail Dea-Chleachtais nuashonraithe agus a dhéanann an t-eolas agus an taithí ar mheantóireacht sa chomhpháirtíocht a roinnt. Tá an Lámhleabhar Dea-Chleachtais ar fáil ar líne ag https://bizmentors.eu/.



# An Geilleagar Ciorclach Gorm

Tionscadal é BCE atá cistithe ag Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach a bhfuil de chuspóir aige cabhrú leis na FBManna siúd aimsiú níos fearr margaidh a bhaint amach agus déanann sé amhlaidh trí thabhairt faoi thaighde ar shamhlacha gnó nua, prionsabail dearaidh chiorclaigh a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn trealamh nua á dhéantúsú, agus nuair a bhíonn lipéadú éiceolaíoch iontaofa agus aiceanta á fhorbairt chun cabhrú le FBManna éagsúla difreáil a dhéanamh agus a dtáirgí nua inbhuanaithe a chur chun cinn sa mhargadh.

Tá mar aidhm ag BCE samhail bhraislithe a úsáid chun cruthú trí bhraisle geilleagair chiorclaigh a chothú atá bunaithe ar dhearadh, aisghabháil, athchúrsáil, deisiú, agus athúsáid inbhuanaithe eangacha plaisteacha, téada, agus comhpháirteanna iascaireachta (FNRCanna), laistigh de réigiún Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Artach. Déanann sé amhlaidh trí iarracht a dhéanamh FBManna a shainaithint, a spreagadh chun gnímh, agus a cheangal san Iorua, in Éirinn, agus ar fud réigiún Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Artach chun malartú eolais agus naisc fhéideartha ghnó a éascú trí imeachtaí líonraithe, seimineáir ghréasáin, ceardlanna nuálaíochta, agus comhdhálacha. Bíonn rannpháirtíocht i measc grúpa níos fairsinge páirtithe leasmhara i gceist leis na himeachtaí seo freisin, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí earnála, institiúidí ardoideachais, agus an pobal i gcoitinne ina measc.

I rith 2021, lean tionscadal BCE lena chuid iarrachtaí FBManna atá ag oibriú ar réitigh le haghaidh trealamh dramhaíola a chur san áireamh agus a nascadh trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Roinnt seimineáir ghréasáin ar líne a sholáthar a scaip an t-eolas a d'fhorbair an tionscadal go dtí seo, ar áiríodh le roinnt díobh gné líonraithe chun cabhrú le FBManna a cheangal.

- Dhírigh seimineár a chur ar siúl a bhí faoi stiúir d'Ard-Stiúrthóireacht Mare an Choimisiúin Eorpaigh um na scéimeanna Freagrachta Leathnaithe Táirgeora (EPR) le haghaidh trealamh nua iascaireachta; agus

- Naisc a chothú idir dhá FBM Éireannach agus FBM na hIorua atá ag oibriú le chéile anois le triail a bhaint as réitigh do bheart tosaigh trealamh dramhaíola ó Éirinn.

Anuas air sin, d'éirigh le foireann tionscadail cistiú a fháil do thionscadal idirlinne breise a leanfaidh le hobair BCE. Lorgóidh an tionscadal idirlinne, ar a dtugtar Teicneolaíocht Chiorclach Ghorm (BCT) le heolas breise a sholáthar do FBManna agus le spreagadh breise chun gnímh a thabhairt dóibh i dtaobh réitigh fhéideartha theicneolaíochta do threalamh dramhaíola agus do na scéimeanna EPR nua, anuas ar an mbonn a chur faoin tionscadal a chur i bhfeidhm go hiomlán faoi chéad tréimhse chistithe eile an chláir.



# Spot-lit

Cistithe ag Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach INTERREG (Buiséad: €1.9m). Tá de chuspóir ag Spot-lit.eu an earnáil turasóireachta liteartha i Réigiún an Fhorimill Thuaidh agus sa Réigiún Artach a fhás, trí fheabhas a chur ar acmhainneacht san earnáil turasóireachta liteartha agus tacú le heagraíochtaí agus gnólachtaí beaga agus meánmhéide fás agus comhoibriú agus lucht spéise a spreagadh gníomhú níos fearr le chéile. Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair na pacáistí oibre Cumarsáide agus Tacaíochta Gnó FBM a stiúradh. Amhairc ar Fhíseán Spot-Lit anseo.

Is éard atá i gcroílár thionscadal Spot-Lit ná gnólachtaí beaga san Earnáil Turasóireachta Litríochta a spreagadh chun gnímh agus tacú leo. Dhear agus sholáthair CFI Clár cuimsitheach Nuálaíochta Táirgí Turasóireachta Litríochta in 2021. Ba éard a bhain leis an gclár saincheaptha seo sraith ceardlanna míosúla, tacaíochtaí boga, meantóireacht gnó, tacaíochtaí nuálaíochta, clár idirnáisiúnta malartaithe táirgí, Líonra Turasóireachta Litríochta agus Sraith Straitéisí Gnó Spot-Lit in 5 tháirge turasóireachta litríochta a soláthraíodh don mhargadh in Iarthar na hÉireann agus 29 trasna réigiún Chlár an Fhorimill Thuaidh agus Artach.

Forbraíodh agus baineadh triail phíolótach as na samhlacha agus d’eascair gur cruthaíodh Tionscadal an Tí Solais (The Lighthouse Project), sraith siúlóidí intíre i ngar do thithe solais inar féidir le

daoine rian a íoslódáil agus éisteacht leis agus iad ag dul ar shiúlóidí cruthaitheacha atá líon lán le hábhair iontais feadh an bhealaigh as comhoibriú idir an coimeádaí/léiritheoir Dani Gill le dearthóirí fuaime, amharc-ealaíontóirí agus amharclannóirí. **Is féidir leat amharc ar Fhíseáin YouTube Thionscadal an Tí Solais anseo**.

Chomhoibrigh an Léiritheoir Litríochta Neamhspleách Brendan McEvilly le húdair áitiúla le seó stáitse beo a fhorbairt ina bhfuil pictiúir a scannánaíodh timpeall Iarthar na hÉireann ag an scannánóir Jamie Goldrick. Déantar litríocht a chur i láthair lucht spéise i bhformáid, léiriúcháin beo coimeádta i gcomhthráth le gnéithe réamhthaifeadta ina measc. **Is féidir teacht ar eolas breise anseo**.

Forbraíodh aip dhigiteach do chomhlachais litríochta, eagraíochtaí agus FBManna lena dtáirgí agus seirbhísí turasóireachta litríochta a thaispeáint. Cuirfidh an aip 'Iarthar Liteartha na hÉireann' ('Ireland's Literary West') bealach nua ar fáil do chuairteoirí agus daoine áitiúla araon leis na tírdhreacha agus na háiteanna liteartha a fhiosrú chun scoth scríbhneoirí, fhilí agus dhrámadóirí na hÉireann a spreagadh.



# Extra SME

Foinsítear agus bainistítear níos mó ná 70% de luach dobharshaothraithe na hÉireann feadh imeallbhord Réigiún an Iarthair. Tríd an obair a rinne sé i dtionscadal AE EXTRA-SMES, tá CFI ag díriú ar bhorradh laistigh den gheilleagar muirí, trí fheabhas a chur ar ionstraimí beartais a chur i bhfeidhm sna réigiúin rannpháirteacha, trí phróisis agus nósanna imeachta riaracháin níos simplí agus feabhsaithe a chur chun cinn. Tá súil leis go gcuirfidh seo ar chumas FBManna fairsingiú a dhéanamh i margaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a dtáirgí a chur chun cinn, agus, ag an am céanna, tabhairt faoi phróisis nuálaíochta, a chuirfidh cruthú post chun cinn. Aimsigh níos mó eolais

Thug CFI faoi go leor de na príomhghníomhartha in 2021 laistigh den tacaíocht seo a thugtar don gheilleagar muirí. Áiríodh leo seo:

- Dea-chleachtais Dobharshaothraithe a sholáthar trí cheardlanna trasnáisiúnta ina bhfuil páirtithe leasmhara réigiúnacha le contrapháirteanna Gréagacha, Fionlannacha, Iodálacha i gceist. Ba éard a bhain leo seo ná nuálaíocht, árachas muirí, teicnící idirghabhála truaillithe etc. a roinnt.

- Plean gníomhaíochta réigiúnach a sholáthar chun dul i ngleic le nósanna imeachta simplithe riaracháin agus le heisdíritheacht FBM Mhuirí.

- Trí úsáid a bhaint as Seimineáir Ghréasáin etc. le páirtithe leasmhara réigiúnacha a nascadh, cosúil le Morefish.ie, BIM agus OÉ, Gaillimh le comhpháirtíocht an tionscadail.

# Fiontraíocht Inbhuanaithe

**Seo an dearcadh fadtéarmach chun cur le rath ár gCiste Infheistíochta shíorghlais, ar a bhfuil luach €73m, arb ionann sin agus breis agus dhá oiread na hinfheistíocht bunúla a leithdháileadh ar CFI. Is í ár sprioc sna chéad chúig bliana eile ár n-infheistíocht agus á n-iasachtú a shíneadh agus ardán a chruthú chun buntáiste iomaíoch domhanda a fhorbairt don réigiún i bpríomhlimistéir, ach amhlaidh a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn áilleacht agus acmhainní nádúrtha ár réigiún agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha dóibh siúd a chónaíonn anseo.**

**Eolas faoi Chiste Infheistíochta an Iarthair (CII)**



**€10M**
Íocadh €10m amach i measc 58 infheistíocht

**€6.4M**
in 12 FBM

**€2.9M**
in 28 tionscadal fiontar pobail/fiontair shóisialta

**€0.7M**
in 18 dTionscadal WRAP

**€34M**
Cúlchistí airgid thirim €34m lena n-infheistiú

**Eolas faoi Chiste Infheistíochta an Iarthair (CII)**
Cuireann Ciste Infheistíochta an Iarthair airgeadas gnáthscaire agus iasachtaí ar fáil do ghnólachtaí, pobail, tionscnaimh straitéiseach agus an tionscal cruthaitheach i Réigiún an Iarthair in Éirinn.

Déanann an ciste infheistiú agus iasachtú ar bhonn tráchtála agus lorgaíonn sé toradh airgeadais agus díbhinn shóisialta-gheilleagrach a bhaint amach don réigiún. Ciste síorghlas é agus déantar na fáltais uile ó infheistíochtaí a athinfheistiú i bhfiontair nua.

Déanann an Ciste infheistiú i measc earnálacha iolracha agus ag gach céim den tsaolré ghnó, ó thionscnamh go méadú aníos. D'fhorbair ár bhfoireann roinnt cistí éagsúla le 20 bliain anuas atá ceaptha freastal ar riachtanais éagsúla na ngnólachtaí agus na bpobal ar a bhfreastalaímid.

**Infheistíocht Gnó**
Cuireann ár gCiste Infheistíochta Gnó infheistíocht gnáthscaire agus iasacht airgeadais ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) inár réigiún.

Sampla Infheistíochta – Nektr Technologies

D'infheistigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) €500,000 in Nektr Technologies, an chuideachta bhitheicneolaíochta atá bunaithe i Sligeach a bhfuil ábhar sintéiseach frithbhaictéarach frithfhungasach agus frithvíreasach á fhorbairt acu ag a bhfuil úsáid fhairsing i limistéir shláinte an duine agus shláinte ainmhithe, i mBealtaine 2021.






**Infheistíocht sa Phobal**
Tacaíonn ár gciste iasachta Pobail le fiontair shóisialta agus grúpaí pobail i Réigiún an Iarthair le feabhas a chur ar bheatha shocheacnamaíoch a bpobal.

## Cuireadh Ceardlann Rothar na Gaillimhe ar bun bunaithe ar an gcoincheap go bhféadfadh daoine teacht le chéile i ngrúpa nó i gcomharchumann, agus cabhair a thabhairt dá chéile mar chuid de phobal.

D’eascair sé ó thosach bunúsach ina raibh ceardlann ag OÉ, Gaillimh, áit ar chabhraigh mic léinn a rothair a dheisiú, seanmheaisíní a thabhairt slán agus a scileanna meicniúla a mhúineadh do dhaoine eile. Ó shin i leith, tá an rath geal ar an Meitheal Rothar – ar comharchumann go hoifigiúil é..

## Infheistíocht i dTionscail Chruthaitheacha

Cuireann ár gCiste Micri-Infheistíochta i dTionscail Chruthaitheacha cistiú ar fáil do thrádálaithe aonair, comhpháirtíochtaí, gnólachtaí, comharchumainn, agus grúpaí a oibríonn san earnáil tionscal cruthaitheach.

## Ciste WRAP

Bunaíodh Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (Ciste WRAP) le cabhair a thabhairt chun earnáil chlosamhairc an réigiúin a fhorbairt. Comhthionscnamh é idir Ionad Scannán na Gaillimhe agus CFI i gcomhar le húdaráis áitiúla sa Chlár, Dún na nGall, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach agus Údarás na Gaeltachta.

Tá Ciste WRAP ceaptha infheistíocht straitéiseach a sholáthar a spreagann gníomhaíocht réigiúnach léiriúcháin i measc na n-earnálacha scannán, drámaíocht teilifíse, beochana agus cluichíochta, chun tacú le tallann áitiúil, fostaíocht inbhuanaithe a chruthú, an bonneagar closamhairc a fhorbairt agus cur le cultúr agus teanga Réigiún an Iarthair.

Rinne Ciste WRAP infheistíocht i 6 thionscadal ar cuireadh tús lena léiriú in 2021 agus caitheadh €13,000,000, ar an gcomhiomlán orthu ar bhonn réigiúnach.

Rinne Ciste WRAP comhpháirtíocht i mBealtaine 2021 le A24, BBC Films agus Fís Éireann/Screen Ireland chun tacú leis an dráma síceolaíochta *God's Creatures*. Rinneadh é a scannánú ar an láthair i nDún na nGall, agus bhí na réaltaí Emily Watson agus Paul Mescal ann anuas ar na Stiúrthóirí Saela Davis agus Anna Rose Holmer i ndiaidh dóibh a ndráma, *The Fits*, a bhuaigh gradam, a léiriú. Tá *God's Creatures* suite i sráidbhaile iascaireachta in Éirinn ina dtiteann go leor báistí ina n-imríonn na bréaga a insíonn bean lena mac a chosaint tionchar millteanach ar an bpobal, a teaghlach, agus uirthi féin.

Rinne Ciste WRAP infheistíodh i measc rudaí eile, i sraith teilifíse *Smother* in 2021, a scannánaíodh i gContae an Chláir.



**Anailís shocheacnamaíoch ar CII**

Choimisiúnaigh CFI Sainchomhairleoirí Geilleagracha Idirnáisiúnta Indecon in 2021 chun tabhairt faoi anailís neamhspleách ar thionchar geilleagrach na 20 bliain d'infheistíocht a d'imir tionchar a rinne CII. Léiríonn toradh an taighde seo gur imir tionchar an-suntasach ag CII i measc na méadrachta uile.

**Achoimre ar na Príomhthorthaí ar Thionchar Socheacnamaíoch**

Bhain cuideachtaí lenar thacaigh Ciste Infheistíochta an Iarthair an rath geal amach i margaí Éireannacha agus easpórtála. Rinne CII níos má ná €75 milliún a infheistiú/a thabhairt ar iasacht i gcaitheamh na tréimhse ó 2001 go 2020 in/do 217 aonán uathúil. Tá ranníocaíocht éachtach le gníomhaíocht gheilleagrach i Réigiún an Iarthair mar thoradh air seo agus chuir sé go mór leis an ngeilleagar náisiúnta. Tá achoimre san fhíor seo a leanas ar na tionchair dhíreacha agus gheilleagracha níos fairsinge a d'imir CII ó 2001 go 2020.

- D'fhostaigh cuideachtaí agus eagraíochtaí lenar thacaigh CII go díreach beagnach 2,800 fostaí lánaimseartha coibhéise lánaimseartha (CLAanna) in 2020 agus beagnach 5,300 CLA nuair a chuirtear tionchair indíreacha san áireamh.

- Thacaigh CII idir 2001 agus 2020 le cuideachtaí a ghin breis agus €2.2 billiún d'ioncam díreach (a d'imir tionchar €3.28 billiún ar fud an gheilleagair).

- Oll-Bhreisluach Díreach €1.07 billiún (a d'imir tionchar €1.76 billiún ar fud an gheilleagair).

- Cáin €276m tiomsaithe do Státchiste na hÉireann.



**€276M**
Toradh Airgeadais don Státchiste 2001–2020

**2,794**
**(Tionchar díreach)** Tacaíocht d'Fhostaíocht (CLAanna – 2020)

**5,273**
**(Tionchar ar fud an Gheilleagair)** Tacaíocht d'Fhostaíocht (CLAanna – 2020)

**€2.23B**
**(Tionchar díreach)** Ioncaim a Gineadh 2001–2020

**€3.28B**
**(Tionchar ar fud an Gheilleagair)** Ioncaim a Gineadh 2001–2020

**€1.07B**
**(Tionchar díreach)** Gross value added 2001–2020

**€1.76B**
**(Tionchar ar fud an Gheilleagair)** Gross value added 2001–2020

**€31.75M**
**(Ciste Infheistíochta an Iarthair)** Cistiú Rialtais

**Achoimre ar Thionchar Geilleagrach na gCuideachtaí Ienar Thacaigh an CII**

D'imir an Ciste tionchar suntasach freisin ar fhorbairt réigiúnach agus d'imir sé tionchar dearfach sóisialta ar phobail áitiúla laistigh den réigiún. D'imir CII tionchair dhearfacha ar an tsochaí i gcoitinne trína Chiste Iasachta Pobail a chuir barr feabhais ar chaighdeán beatha a saoránach. Chumasaigh cistiú CII beagnach 100 fiontar sóisialta agus eagraíocht phobail, arb i gceantair thuaithe atá a dtromlach, chun saoráidí agus seirbhísí nua a fhorbairt. Baineadh seo amach agus CII á mhéadú

beagnach 2.5 uair níos mó trína straitéis infheistíochta rathúil shíorghlas. Tugtar achoimre ar roinnt de phríomhthairbhí sóisialta CII:

- Chabhraigh CII le héiceachóras fiontraíochta a chothú freisin i Réigiún an Iarthair, a chabhraíonn le cuideachtaí fás agus forbairt. Thug 96% de na cuideachtaí ar a ndearnadh suirbhé le fios gur bhain an-tábhacht nó gur bhain tábhacht le cistiú a fháil ó CII dá ngnó, a thugann tábhacht CII dóibh chun solais. Luaigh comhréir mhór chuideachtaí lenar bhain sé freisin go raibh CII, mar fhoinse de chistiú Shraith A, an-tábhachtach.

- Tugtar le fios i dtaighde suirbhé Indecon gur imir CII tionchar suntasach ar chultúr cothroime agus cultúr airgeadais shóisialta a fhorbairt i Réigiún an Iarthair. Thug tromlach na bhfreagróirí le fios gur chuir cistiú CII ar a gcumas foinsí breise cistithe a ghiaráil. Tugann sonraí CFI le fios gur giaráladh níos mó ná €317 milliún, ar an iomlán, ón €61.3 milliún a rinne CII a infheistiú ó 2001. Tugann seo le fios go ndearnadh cistiú breise €4.5 a ghiaráil do gach €1 de chistiú CII. Cheap na faighteoirí uile airgeadais shóisialta go raibh cistiú a fháil trí CII an-tábhachtach (77%) nó tábhachtach (23%).

- Thug cuideachtaí ar a ndearnadh suirbhé le fios gur chruthaigh CII tairbhe shuntasach i dtaobh cur le speisialú cliste. Príomhghné de chuspóirí straitéiseacha tionsclaíocha don réigiún é an speisialú cliste sin. Samplaí den speisialú cliste sin lena dtacaíonn CII iad Earnálacha Eolaíocht na Beatha, na hEarnálacha Teicneolaíochta Míochaine agus Cruthaitheacha.

- Chuir cistiú CII ar chumas eagraíochtaí áiseanna nua a fhorbairt, seirbhísí/imeachtaí nua a chur ar tairiscint do chomhaltaí, áiseanna reatha a athchóiriú, comhaltaí reatha a choimeád agus comhaltaí nua a mhealladh. Áiseanna ilchuspóra pobail iad go leor na heagraíochtaí agus na tionscadail a chistítear nó tá siad nasctha leis an spórt agus le caitheamh aimsire agus le húsáidí eile.

- Thacaigh an tionchar geilleagrach díreach le forbairt réigiúnach. Sampla amháin de seo ná tríd an infheistíocht straitéiseach in *Aerfort Iarthar na hÉireann*, a d'éascaigh méadú ar líonta paisinéirí san aerfort.

- Nuair a chuirtear an meánmhiondealú inscne ar an mBainistíocht Shinsearach i gcuideachtaí freagróra a chistigh CII i gcomparáid le sonraí an POS, is gnách go mbíonn foireann ceannaireachta atá níos cothroime ó thaobh inscne de ag cuideachtaí lena dtacaíonn CII ná mar a bhíonn ag gnáthchuideachtaí. Ar an meán, bhí 35.8% de róil bhainistíochta sinsearaí i gcuideachtaí freagróra á sealbhú ag mná, i gcomparáid le meánlíon díreach 29.7% de mhná ag a raibh róil feidhmiúcháin i gcuideachtaí ar a ndearna an POS suirbhé in 2021.

- Thug níos mó ná 60% d'fhreagróirí le fios gur baineadh tairbhe ó CII trí thacú le céimithe a choinneáil agus naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal a chothú. Bhí cáilíochtaí céimí bainte amach ag níos mó ná 70% de na cuideachtaí seo agus bhain níos mó ná 40% díobh cáilíocht iarchéime amach, atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta. Tugann seo le fios go meallann an lucht saothair i gcuideachtaí lena dtacaíonn CII daoine aonair ardoilte agus go bhfuil sé ar aon dul le haidhmeanna CII chun tacú le speisialú cliste sa réigiún agus tugann sé ailíniú CII chun solais leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sa PFN chun geilleagair thuaithe a neartú trí fhiontair, nuálaíocht agus scileanna.

- Baineann ríthábhacht leis na scileanna siúd a choinneáil i ngeilleagar eolasbhunaithe. Luaigh an t-eacnamaí a bhuaigh Duais Nobel SAM, Kenneth Arrow, in athbhreithniú ar na dálaí le haghaidh borradh geilleagrach in Éirinn, "Glacann oideachas céimí le ról speisialta lena éascú ardteicneolaíochtaí a fháil."[1]

- Measann Indecon gur imir an t-airgead a chaith cuideachtaí taighde agus forbartha lenar thacaigh CII tionchar iarmharta ar an ngeilleagar. Tugann samhaltú Indecon le fios gur baineadh toradh bliantúil sóisialta idir €2.53 milliún agus €5.05 milliún amach i dtaobh caiteachas taighde agus forbartha cuideachtaí lenar thacaigh CII in 2020. Mheas Indecon gurb idir €34.4 and €68.6 milliún é luach reatha fad fiche bliain d'iarmhairt ó chaiteachas taighde agus forbartha

1. Féach Arrow, Kenneth J., Ollscoil Stanford, 'Economic Growth Policy for a Small Economy' in Gray, A. W. (1997) "International Perspectives on the Irish Economy", Indecon Public Policy Services, ISBN O 953131807.





Tionscadail i Saotharlann Bheo AIRe

**Earnálacha atá ag Teacht chun Cinn**

D'eisigh an Fhoireann Fiontraíochta Inbhuanaithe roinnt cáipéisí tábhachtacha in 2021. Trí oibriú leis an bhfoireann, scríobh an Dr Brendan O'Brien tuarascáil ina dtugtar cuntas ar phlean le Réigiún Nuálaíochta an Atlantaigh (AIRe) a chruthú bunaithe ar shaotharlann bheo. Is é cuspóir na saotharlainne tacú le hearnálacha atá ag teacht chun cinn a sholáthróidh buntáiste iomaíoch don iarthar. Dhírigh an cháipéis ar an bhféidearthacht go dtitfidh borradh amach i limistéir reatha, cosúil le Teicneolaíocht Mhíochaine agus Teicneolaíocht Faisnéise, anuas ar limistéir nua cosúil le soghluaisteacht, an bithgheilleagar agus Teicneolaíocht Ghlan. Tá struchtúir bunaithe anois againn ar AIRe agus aithníodh é mar bhall de Líonra Saotharlann Beo na hEorpa. Trí oibriú le gníomhaithe ar fud an héilics cheathrúil, d'eagraíomar portfóilió tionscadal chun inniúlacht a fhorbairt sna limistéir seo. Fuair tionscadail inár bportfóilió cistiú thart ar €750,000 go dtí seo don réigiún agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar iarratais eile mhóra ar chistiú. Buaicphointe amháin ó 2021 a bhí i Saotharlann Bheo Ríomhshláinte Inis Laidhre, inar bhuaigh comhoibriú idir Inis Laidhre, CFI, Cisco, FSS, agus OÉ, Gaillimh duais €100,000 ag Dámhachtainí FutureTech an RCPA. I measc na dtionscadal spreagúil eile, tá tionscnamh bailte cliste in Inis agus tionscadal scoile ina bhfuil an BOO bainteach. Ar an iomlán, tá anois breis agus 20 tionscadal in AIRe a bhfuil céimeanna éagsúla d'fhorbairt bainte amach acu. Tacaíocht ó Chiste Luathaithe Dhigitigh Tíre Cisco a bhí ar cheann de na rudaí is mó a chumasú Tionscadal Nuálaíochta an Atlantaigh.

Chuir an Fhoireann Fiontraíochta Inbhuanaithe tuarascáil le chéile chomh maith ina dtugtar cuntas ar phlean gníomhaíochta le leas a bhaint as an deis a chruthaigh tuirbíní gaoithe ar snámh a úsáid mar réiteach féideartha ar an ngéarchéim aeráide. In ainneoin go raibh laige ar an mbonneagar eangaí, is féidir fuinneamh gaoithe ollmhór amach ón gcósta a fhorbairt in Iarthar na hÉireann a chruthódh deiseanna dár gcalafoirt agus a chumasódh forbairt inbhuanaithe ár dtionscail dianfhuinnimh. Ag cur leis an obair seo, rinne CFI comhpháirtíocht leis na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnaí don Iarthar, an tIarthuaisceart agus an tIarthar Láir chun cistiú a fháil ó Fhiontraíocht Éireann do staidéar indéantachta chun slabhra soláthair fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.



**Plean Fiontraíochta Réigiúnaí**

Bainistigh CFI forbairt Plean Fiontraíochta Réigiúnaí an Iarthair (WREP) in 2021, faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an RFTF). Tar éis comhairliúcháin fhadréimseacha le páirtithe leasmhara, ceapadh bainisteoir clár in Iúil, le tacaíocht ó Chathaoirleach WREP, Evelyn O'Toole – POF Complete Laboratory Solutions, dréachtaíodh plean uaillmhianach go dtí 2024, chun tacú le fiontraíocht ar fud chontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin, bunaithe ar thionscnaimh chomhoibritheacha idir na páirtithe leasmhara éagsúla réigiúnacha agus le tacaíocht ó na 4 Údarás Áitiúla.

D'oibrigh CFI go dlúth chomh maith le Plean Fiontraíochta Réigiúnaí an Iarthair Láir agus le Plean Fiontraíochta Réigiúnaí an Iarthuaiscirt agus ball é CFI de Choistí Stiúrtha gach cinn de na trí REP, a chabhraíonn le comhoibriú ionréigiúnach, cosúil le comhoibriú maidir le slabhra soláthair fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt, tacaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an earnáil agus an geilleagar cruthaitheach a fhorbairt.

Fuarthas cistiú cheana féin ó chiste REPS Fhiontraíocht Éireann cheana féin i ngeall ar na gníomhaíochtaí seo i Samhain 2021, agus táthar ag súil le toradh a bhaint as cistiú breise indéantachta faoi REDF go luath in 2022.

## Fiontar Sóisialta

D'íocamar luach €2,860,683 d'iasachtaí in 2021 le 28 grúpa pobail agus fiontar sóisialta. Sholáthraíomar luach €1,570,376 d'Iasachtaí Idirlinne agus luach €1,290,307 d'iasachtaí téarma.

Thacaigh CFI go luath le Mol Slatiascaireachta Loch Rí-Bhéal Átha Liag, atá bunaithe i Ros Comáin, a ainmníodh mar Chúis Mhaith na Bliana de chuid an Chrannchuir Náisiúnta don bhliain 2021. Léiríodh ómós don ghrúpa i ngeall ar a mbád 'Rochtain do Chách' ina bhfuil bogha a íslíonn cosúil le bád farantóireachta lena cheadú d'ochtar úsáideoirí cathaoir rothaí, ar a mhéid, dul ar bord agus é a fhágáil gan chabhair. Ón gcéad aistear i Lúnasa 2020, bhí na scórtha turasóirí agus slatiascairí faoi mhíchumas in ann cuairt a thabhairt ar an loch gach seachtain.

Chomhoibríomar i Márta le OÉ, Gaillimh maidir lena Modúl "Fiontraíocht na Cruthaitheachta Nuálaíochta". Cheadaigh an comhoibriú seo dúinn léargas ar fhiontraíocht/ nuálaíocht shóisialta a roinnt le mic léinn tríú leibhéal agus bheith mar chuid den phainéal moltóireachta don chomórtas.

Chuireamar an t-imeacht ar líne, "Ár dTodhchaí Tuaithe – Deiseanna Fiontraíochta Sóisialta d'Fhorbairt Tuaithe" ar siúl i Meán Fómhair i gcomhpháirtíocht leis an DRDC. Craoladh an t-imeacht beo ó fhiontar sóisialta áitiúil i gCill Mobhí agus bhí físeáin ó Chomharchumann Fuinnimh Árann, Spraoi agus Spórt agus an Teachín sa Loch Mór faoi chaibidil. Thug Fintan O'Brien an spreagaitheasc and i measc na bpainéalaithe, bhí Senan Cooke, Ciaran Mullooly agus Janet O'Toole. Luaigh na cainteoirí tábhacht an fhiontair shóisialta i dtaobh forbairt tuaithe inbhuanaithe agus chun gur féidir leis an earnáil dul faoi bhorradh breise faoin tuath in Éirinn. D'fhreastail 172 duine ar an imeacht.

Rinneamar an podchraoladh "Réigiún Nuálaíochta Sóisialta a Fhorbairt" ("Developing a Social Innovation Region") a thaifeadadh. Labhair 3 fhiontraí shóisialta linn sa phodchraoladh agus a n-eispéireas agus a bhfís don earnáil fiontair shóisialta á roinnt acu. I measc na bhfiontar sóisialta a bhí faoi chaibidil, bhí an Mheitheal Rothar, Rochtain do Chách Loch Rí agus Comhlachas Tithíochta Chill Mobhí.

Chuireamar cleachtadh forleathan léarscáilithe i gcrích i mí na Nollag ar fhiontair shóisialta ar fud réigiún CFI. Shainaithníomar 277 fiontar sóisialta sa réigiún, agus déanfar iad a chur ar léarscáil idirghníomhach Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) a fhoilseofar i Ráithe 1 2022.




Leanaimid ag oibriú le comhpháirtithe réigiúnacha le fiontraíocht shóisialta a chur chun cinn ar fud an réigiúin agus tá roinnt tionscadal aitheanta againn trí seo a lorgóimid a thabhairt chun cinn in 2022.

**Córais TF CFI a Fheabhsú**

Tionscnamh trasfheidhmiúil é an tionscadal seo idir Fiontraíocht Inbhuanaithe agus Seirbhísí Corparáideacha. Críochnaíodh dhá thionscadal mhóra in 2021. Ar an gcéad dul síos, rinneadh na freastalaithe ar an áitreabh a aistriú chuig an néal. Chríochnaigh CFI a achtáil ar ár straitéis TF Cloud-First nuair a fuair CII a chéad iarratais tríd an Ardán Cliste Simplí. Mar chuid den tionscadal seo, iompórtáladh an portfóilió iompórtáilte leagáide go dtí an t-ardán nua a chumasaigh tuairisciú mionsonraithe ar an gciste de réir earnála, saghas ciste etc. I ngeall ar an tionscadal seo, níltear ag brath anois ar an mbonneagar fisiciúil i dTeach Diolúin, a chuireann ar ár gcumas oibriú mar chéad eagraíocht chianda. Tá athrú tagtha anois ar fheabhsú na gcóras TF ó thionscadal um chur i bhfeidhm go tionscadal tacaíochta, agus tá an fhoireann ag oibriú chun tacú le córais a chur i bhfeidhm agus le feabhsúcháin chóras a shainaithint.

# Ráitis Airgeadais

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in CFI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Cumas chun Riosca a Láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag CFI ina bhfuil triúr ball den Choimisiún agus beirt bhall seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus Cathaoirleach atá i nduine amháin díobh. Chas an CIR ar a chéile ceithre huaire in 2021.

Bhunaigh CFI feidhm iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne Coimisiún CFI athbhreithniú ar an mbeartas agus ghlac se leis ag a chruinniú in Iúil 2020.

Eisíodh an Beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca CFI, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre. Beidh obair shuntasach déanta ag CFI in 2021 i limistéar an riosca, an clár rioscaí a nuachóiriú agus próiseas daingean a chur i bhfeidhm chun an próiseas riosca a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Coimisiún, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Is féidir CFI a dheimhniú go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm: –

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

**Soláthar**
Deimhníonn an Coimisiún gur fhorbair agus gur chuir CFI Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair agus Plean Soláthar i bhfeidhm a shainordaíonn comhlíonadh chun na riachtanais a shásamh faoin gCreat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí. Déanann CFI dícheall comhlíonadh iomlán na nósanna imeachta soláthair a chinntiú, bunachar sonraí conartha san áireamh ina bhfuil córas monatóireachta i bhfeidhm chun soláthar neamhchomhlíontach a thabhairt faoi deara.

Lorg CFI go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach ar an bpróiseas soláthair agus ar phatrúin chaithimh chun an próiseas a ailíniú le treoirlínte soláthair phoiblí náisiúnta agus an ghníomhaíocht cheannaigh a bheachtú trí chreataí soláthair a dheimhniú. Ina theannta sin, cuirtear oiliúint soláthair ar fáil don fhoireann go léir.

Sháraigh soláthraí amháin luach an chonartha faoi €13% in 2021. Ba í an réasúnaíocht a bhí leis an méadú ar chaiteachas ná méadú ar an mbeart cosanta faoinar tugadh ar aon dul le treoir sláinte poiblí a d’eascair as paindéim Covid-19.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta ag CFI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CFI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de CFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is féidir le CFI a dheimhniú gur thug an Coimisiún faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach amhail 2021 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais, seachas na saincheisteanna soláthair a phléitear thuas.

**Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil**
Ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), a cheanglaíonn ar mháthair-Ranna tabhairt faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar a ngníomhaireachtaí gach 5 bliana, thosaigh CFI an próiseas seo i rith 2021.

Díríonn an t-athbhreithniú ar an gcás gnó leanúnach do CFI, ar a fheidhmíocht, a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht agus a shocruithe rialachais.

**Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht an Bhoird**
Bhí 6 chomhalta bhaineanna (50%) agus 6 chomhalta fhireanna (50%) ag an mBord amhail an 31 Nollaig 2021 agus ní raibh aon phoist folamh. Baineann an Bord sprioc an Rialtais amach dá bharr go ndéantar ionadaíocht íosta 40% do gach inscne i mballraíocht Bhoird Stáit amach.

Tá na bearta seo a leanas ar na bacáin le cothromaíocht inscne sa Bhord a chothú agus tacú léi:

- Cearta Daonna, Comhionannas agus Beartas um Dhínit ag an Obair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Forbairt leanúnach scileanna agus tionscnaimh mheantóireachta a fhorbairt

# Príomhchumasóirí chun Ár Straitéis a Sholáthar: Seirbhísí Corparáideacha

### Struchtúr Eagraíochta



# Ráitis Airgeadais Iniúchta don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

# Eolas faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair

**Cathaoirleach:** An tUasal Gerry Finn

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí:** | An tUasal Sandra Divilly Nolan, | An tUasal Mary McKenna, |
| | An tUasal Peter Hynes, | An tUasal Audrey Crummy, |
| | An tUasal Aisling Meehan, | An tUasal Mary Coyne, |
| | An tUasal John Kelleher, | An tOllamh Mary Corcoran, |
| | An tUasal Christy Loftus, | An tUasal Henry McGarvey, |
| | An tUasal Edmund Jennings | |

| | | |
|---|---|---|
| **Baincéirí:** | **Banc na hÉireann** | Bealach an Doirín Contae Ros Comáin |
| | **Bainc-Aontas Éireann** | Bóthar Thuama Gaillimh, |
| | Banc **KBC** | Sráid Sandwith Baile Átha Cliath 2, |
| | **Banc Uladh** | 33 An Fhaiche Mhór Gaillimh |

**Iniúchóirí:** **An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin 2021

**Rialachas**

Bunaíodh Bord (dá dtagraítear anseo baill an Choimisiúin) Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 mar atá leagtha amach in Alt 9 den Acht seo. Tá comhaltaí den Bhord cuntasach leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Oileán agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil CFI. Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treorú straitéiseach foireann a thugann comhaltaí an Choimisiúin a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag baill an Choimisiúin go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Coimisiún agus bainistíocht CFI.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin**

Tá baill an Choimisiúin, i dteannta a chéile, freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus inbhuanaitheacht an Choimisiúin a chinntiú. Déantar cinntí i ndiaidh eolas cuí a bheith curtha ar fáil do chomhaltaí an Choimisiúin agus aird chuí a thabhairt ar na rioscaí aitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca. Tá sceideal forchoimeádta nithe nach mór cinneadh a dhéanamh fúthu, lena n-áirítear:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/tuarascálacha bainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ceisteanna forchoimeádta

Tá obair an Chathaoirligh agus chomhaltaí an Choimisiúin á treorú go tréan ag prionsabail *an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Ceanglaítear in Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 ar chomhaltaí an Choimisiúin gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé i cibé foirm agus maidir leis na tréimhsí cuntasaíochta sin a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar chomhaltaí an Choimisiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- A chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
- A chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CFI ag deireadh na bliana.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag oibriú.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach a ghlacann leis go leanfaidh CFI ag oibriú leis don todhchaí intuartha. Anuas air sin, mar gheall go gcuireann CFI seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn (an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach. D'ullmhaigh an Coimisiún réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid don chéad tréimhse dhá mhí dhéag amach romhainn a thugann le fios gurb ann do shreafaí airgid leordhóthanacha i dteannta na mbuntoimhdí atá iontu.

Rinneadh breithniú ar an tionchar leanúnach a imríonn COVID-19 ar Infheistíochtaí CFI fad a bhí an measúnú luachála, na buiséid agus na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid agus tuartha ar infheistíochtaí á ndéanamh. Tá an Coimisiún sásta, bunaithe ar na bearta seo, gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as leabhair chuntais leordhóthanacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, a sheasamh airgeadais agus a chuireann ar a chumas cinnte a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998.Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as coimeád agus iomláine an eolais chorparáidigh agus airgeadais ar láithreán gréasáin CFI.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht CFI trí thagairt a dhéanamh don tuarascáil bhliantúil agus an buiséad ar bhonn míosúil agus ráithiúil ag cruinnithe an Choimisiúin.

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann baill an Choimisiúin go dtugtar i ráitis airgeadais CFI léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CFI an 31 Nollaig 2021.

**Struchtúr an Choimisiúin**

Tá comhaltaí an Choimisiúin sásta go bhfuil a baill saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar, fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách.

Déanann gach ball den Choimisiún aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinntí á ndéanamh ag an gCoimisiún nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais.

Tugtar sonraí faoi bhallraíocht agus téarmaí oifige an Choimisiúin thíos:

* Athcheaptha mar Chomhaltaí an Choimisiúin i Samhain 2020.
** Athcheaptha mar Chomhalta an Choimisiúin i Lúnasa 2021

| Tag. | Ainm | Ról | Dáta ceaptha | Dáta éagtha an téarma reatha |
|---|---|---|---|---|
| **1** | Gerry Finn | Cathaoirleach | Lúnasa 2017 | Samhain 2023 |
| **2** | Sandra Divilly Nolan | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **3** | Mary McKenna | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **4** | Peter Hynes | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **5** | Audrey Crummey | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **6** | Aisling Meehan | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **7** | Mary Coyne | Gnáthchomhalta | Samhain 2020 | Samhain 2023 |
| **8** | An tOllamh Mary Corcoran | Gnáthchomhalta | Lúnasa 2017* | Samhain 2023 |
| **9** | Christy Loftus | Gnáthchomhalta | Lúnasa 2017* | Samhain 2023 |
| **10** | John Kelleher | Gnáthchomhalta | Lúnasa 2017* | Samhain 2023 |
| **11** | Henry McGarvey | Gnáthchomhalta | Lúnasa 2017* | Samhain 2023 |
| **12** | Edmund Jennings | Gnáthchomhalta | Lúnasa 2018 | Lúnasa 2024 |

Bhunaigh baill an Choimisiúin dhá choiste, na coistí seo a leanas ina measc:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an CIR)**

Tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (an CIR) le baill an Choimisiúin lena bhfreagrachtaí as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht dearbhuithe a bhaineann le riachtanais dearbhaithe chomhaltaí an Choimisiúin a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe seo.

Déanann an CIR tuairisciú foirmiúil le baill an Choimisiúin agus an t-eolas sin nó an chomhairle sin á soláthar, faoi mar a mheastar is cuí, trí ghnáth-thuarascálacha Chathaoirleach an CIR le baill an Choimisiúin faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an Choiste. Soláthraíonn an CIR Tuarascáil Bhliantúil do chomhaltaí an Choimisiúin, ag an tráth sin atá ceaptha tacú le cur i gcrích na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais, agus ina dtugtar achoimre ar a thátail ón obair faoinar tugadh i rith na bliana.

Chas an CIR ar a chéile 5 huaire in 2021 agus i measc chomhaltaí Choiste an CIR an 31 Nollaig 2021, bhí:

Kevin Moore (Cathaoirleach agus Comhalta Seachtrach)
Paul McGonigle (Comhalta Seachtrach)
An tOllamh Mary Corcoran (Comhalta den Choimisiún)
Audrey Crummy (Comhalta den Choimisiún)
Mary Coyne (Comhalta den Choimisiún)

**2. An Painéal Comhairleach Cistí (an PCC)**

Is é ról an PCC meastóireacht a dhéanamh ar iarratais a dhéantar le Ciste Infheistíochta an Iarthair (CII) agus cinntí a mholadh faoi infheistíocht tráchtála atá dírithe ar bhrabús a dhéanamh do chomhaltaí an Choimisiúin. Cabhraíonn an PCC aird a tharraingt ar CII agus cabhrú le sreabhadh margaí ar ardchaighdeán a fhorbairt agus cúnamh a thabhairt le hoibriú éifeachtach CII.

The FAP met 9 times in 2021 and the members of the FAP on 31st December 2021 include:

Gerry Finn (Cathaoirleach agus Comhalta den Choimisiún)
John Allen (Comhalta Seachtrach)
Joann Hosey (Comhalta Seachtrach)
Mary McKenna (Comhalta an Choimisiúin)
Edmund Jennings (Comhalta an Choimisiúin)
Felim McNeela (Comhalta Seachtrach)
Mary Carty (Comhalta Seachtrach)

**Sceideal Freastail, Táillí agus Costas Chomhaltaí an Choimisiúin**

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar Chruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste don bhliain 2021, na táillí agus na costais a fuair gach comhalta ina measc.

| Comhaltaí an Choimisiúin | Cruinniú Boird 8 | An CIR 5 | An PCC 9 | Táillí 2021 | Costais 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bord** | | | | | |
| Gerry Finn (Cathaoirleach) | 8 de 8 | - | 9 de 9 | €8,978 | €335 |
| Henry McGarvey | 7 de 8 | - | - | - | €212 |
| An tOllamh Mary Corcoran | 8 de 8 | 4 de 5 | - | - | €288 |
| John Kelleher | 4 de 8 | - | - | - | €91 |
| Christy Loftus | 7 de 8 | - | - | €5,985 | €85 |
| Edmund Jennings | 8 de 8 | - | 7 de 9 | €5,985 | €250 |
| Mary McKenna | 7 de 8 | - | 7 de 9 | €6,793 | - |
| Sandra Divilly Nolan | 6 de 8 | - | - | - | €89 |
| Mary Coyne | 8 de 8 | 5 de 5 | - | €5,985 | €321 |
| Audrey Crummy | 7 de 8 | 3 de 5 | - | €5,985 | - |
| Aisling Meehan | 8 de 8 | - | - | €5,985 | €296 |
| Peter Hynes | 8 de 8 | - | - | €5,985 | €250 |
| **Comhalta Seachtrach** | | | | | |
| Kevin Moore | - | 5 de 5 | - | - | - |
| Paul McGonigle* | - | 2 de 2 | - | - | - |
| John Allen | - | - | 7 de 9 | - | - |
| Joan Hussey | - | - | 7 de 9 | - | - |
| Felim McNeela | | - | 9 de 9 | - | - |
| Mary Carty** | | - | 6 de 6 | - | - |
| **Iomlán** | | | | **€51,681** | **€2,217** |

*Arna cheapadh leis an CIR in Iúil 2021

**Arna ceapadh leis an PCC i Márta 2021

**Athruithe ar an bPríomhphearsanra**

Níor tháinig aon athruithe ar an bpríomhphearsanra in 2021.

**Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon CFI riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), amhail a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí**

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| Banda Tuarastail (€) 2021 | Líon Foirne | Banda Tuarastail (€) 2020 | Líon Foirne |
|---|---|---|---|
| 60,000 – 69,999 | 3 | 60,000 – 69,999 | 6 |
| 70,000 – 79,999 | 3 | 70,000 – 79,999 | - |
| 80,000 – 89,999 | - | 80,000 – 89,999 | - |
| 90,000 – 99,999 | 3 | 90,000 – 99,999 | 3 |
| 100,000 – 109,999 | - | 100,000 – 109,999 | - |

Nóta: Ar mhaithe leis an nochtadh seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

**Costais Sainchomhairleoireachta:**
Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhíonn ar chomhairle sheachtrach a chur ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a seachfhoinsíodh leo.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | €15,344 | €6,150 |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | €2,460 | € 4,780 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | €55,855 | €58,962 |
| Acmhainní Daonna | €21,592 | €11,100 |
| **Costais Sainchomhairleoireachta Iomlána** | **€95,251** | **€80,992** |

**Costais agus Socraíochtaí Dlí**
Tugtar sa tábla thíos miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus idir-réiteach agus imeachtaí eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí a fuair CFI, a nochtar in Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlíthiúla | - | - |
| Íocaíochtaí Idir-Réitigh agus Eadrána | - | - |
| Socraíocht | - | - |
| **Costais agus Socraíochtaí Dlí Iomlána** | - | - |

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

Déantar an catagóiriú seo a leanas ar chaiteachas Taistil agus Cothaithe:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Intíre:<br>• Comhaltaí an Choimisiúin<br>• Fostaithe | <br>€2,217<br>€18,810 | <br>€1,181<br>€26,259 |
| Idirnáisiúnta<br>• Comhaltaí an Choimisiúin<br>• Fostaithe | <br>-<br>€2,127 | <br>0<br>€5,945 |
| **Costais Taistil agus Chothaithe Iomlána** | **€23,154** | **€33,385** |

**Caiteachas ar Fháilteachas**

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | €796 | €732 |
| Fáilteachas Cliant | €1,674 | €1,710 |
| **Costais Fáilteachais Iomlána** | **€2,470** | **€2,442** |

Mar chuid den mhaoirseacht leanúnach a dhéanann baill an Choimisiúin ar an timpeallacht rialaithe in CFI, tugann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí dearbhuithe rialála dóibh maidir leis an timpeallacht dhlíthiúil agus rialála faoi mar a bhaineann sé le comhlachtaí poiblí, an méid seo a leanas ina measc:

**Idirbhearta Lasmuigh den Chlár Comhardaithe**

Ní raibh aon idirbhearta lasmuigh den chlár comhardaithe idir dáta an chláir chomhardaithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Acmhainní Daonna**
Lean an eagraíocht lena tiomantas don chomhaontú earnála poiblí "Ag Dul ó Neart go Neart', a bhí i bhfeidhm in 2021.

**Cúram Custaiméirí**
Tá CFI tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí CFI agus Phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí CRI ar fáil ar www.westerndevelopment.ie

**Cumarsáid**
Déantar láithreán gréasáin CFI a nuashonrú go rialta agus coinnítear cliaint ar an eolas faoi obair na heagraíochta trí phreasráitis, foilseacháin agus aighneachtaí a chuirtear in airde ar www.westerndevelopment.ie

Ní dhearnadh aon ghearáin a rinne custaiméirí a thabhairt le fios ná a chur i gcuntas in 2021.

**Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014**
Foráiltear san Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (SF) go bhfuil an ceart ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe a shonraítear san Acht, i leith an mhéid seo a leanas:

- Teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha Alt 6 den Acht.
- Go gceartófar eolas pearsanta atá á coimeád fúthu nó go nuashonraítear é, sa chás go bhfuil an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.
- Cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a rinne comhlachtaí poiblí a imríonn tionchar orthu.

Fuarthas trí iarraidh SF in 2021 agus déileáladh le gach iarraidh laistigh den amfhráma reachtúil.

**An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005**

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir CFI nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus d'ullmhaigh sé ráiteas sábháilteachta ina gcuimsítear gach gné a dhéanann difear do leas foirne agus cuairteoirí.

Níor tháinig aon timpistí intuairiscithe aníos in 2021.

**Íoc Pras Cuntas**

Rialaíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 na sonraisc a íocann CFI.

Foráiltear sna rialacháin, a bhfuil an fheidhm chéanna acu san earnáil phoiblí agus phríobháideach, do theidlíocht uathoibríoch d'ús agus do chúiteamh má dhéantar íocaíocht le haghaidh idirbhearta tráchtála go déanach (i ndiaidh 30 lá ón dáta faighte).Is é beartas CFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus go bhfuil gach iarracht á déanamh, ar aon dul le nósanna imeachta airgeadais cuí, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den amfhráma seo.

**Íoc Pras le Soláthraithe**

Tá CFI tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riail Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe, i gcás gach sonrasc bailí a fhaightear, laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn CFI go ráithiúil ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

Is féidir breathnú ar thorthaí Íoc Pras le haghaidh 2018 ag an nasc seo a leanas: westerndevelopment.ie/about/prompt-payments

**An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 1995**

Cuimsíodh CFI laistigh de raon feidhme na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de Chomhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir, 2005.

Chuir baill Choimisiúin CFI ráitis leasa faoi bhráid an rúnaí in 2021, agus cuireadh cóipeanna faoi bhráid Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS), 2018**

Tá CFI tiomanta do shláine agus do chosaint na faisnéise pearsanta a phróiseálann sé, agus do chur chuige comhlíontach agus comhsheasmhach maidir le cosaint sonraí a sholáthar. Bhí clár cosanta sonraí láidir agus éifeachtach i bhfeidhm riamh anall, clár a bhfuil an dlí reatha á chomhlíonadh aige agus a chloíonn leis na prionsabail chosanta sonraí. Tuigeann CFI, áfach, na hoibleagáidí maidir le nuashonrú agus leathnú an chláir seo chun éilimh an chórais nua RGCS ón 25ú Bealtaine 2018 a chomhlíonadh. Mar fhreagairt air seo, d'fhorbair CFI Beartas agus Treoirlínte an RGCS a bhfuil sé mar aidhm leo cabhrú le fostaithe CFI tacú le Beartas um Chosaint Sonraí na heagraíochta ina sonraítear a thiomantas do chearta príobháideachais daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta. Leagtar amach sna treoirlínte seo na réimsí oibre ina dtagann saincheisteanna cosanta sonraí chun solais agus déantar cur síos iontu ar an gcleachtas is fearr chun déileáil leis na saincheisteanna seo.

Ní dhearnadh aon iarrataí ar eolas faoin Acht um Chosaint Sonraí in 2021.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag CFI ina dtugtar cuntas soiléir ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le CFI in 2021.

**Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004**
Tá CFI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá roinnt scéimeanna á n-oibriú ag CFI a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós comhroinnt post, saoire staidéir, saoire thuismitheoireachta agus clár oideachais.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**
Tagann CFI faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003, chun creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais i nGaeilge agus i mBéarla.

**Cód Iompair**
- Tá an Cód Iompair á chomhlíonadh agus sínithe ag gach ball den Choimisiún.
- Faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, tá a Ráitis Leasanna don bhliain roimhe seo curtha ar fáil ag gach ball den Choimisiún/ fostaí de chuid CFI ábhartha.
- Comhlíonadh an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016);
- Ceanglaíodh ar gach comhalta an Choimisiúin Ceistneoir Féinmheasúnaithe Boird a fhreagairt in Eanáir 2021.Cuireadh tuarascáil faoi Fhéinmheasúnú an Bhoird i gcrích agus sainaithníodh roinnt gníomhartha agus rachfar i ngleic leo mar chuid d'obair an Choimisiúin in 2022.
- Tosaíodh Measúnú seachtrach an Bhoird in 2021, agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird ina ndearnadh roinnt moltaí a rachfar i ngleic leo mar chuid d'obair an Choimisiúin in 2022.

**Treoirlínte Pá an Rialtais**

- Cloíonn CFI le Treoirlínte Pá an Rialtais agus le socruithe na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe.
- Cloítear le híocaíocht tháillí agus chostais chomhaltaí agus Chathaoirleach an Choimisiúin i ndáil leis na socruithe atá leagtha amach i dtreoirlínte an Rialtais agus inár máthair-roinn.
- Tá sonraí maidir leis an luach saothair agus táillí/costais thuas le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais.

**An Cód Caiteachais Phoiblí**

Tá cur chuige comhsheasmhach ag CFI maidir le ceanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Sonraítear na príomhghnéithe um chur chun cinn a bhuntacaíonn leis an gcur chuige sa Phlean Soláthair:

- Cur le coigilteas éifeachtúlachta pleanáilte spriocdhírithe sna Blianta Airgeadais amach romhainn.
- Tacú le tionscnaimh an Aonaid Náisiúnta Bheartais Soláthair.
- A chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.
- Cabhrú le cuspóirí straitéiseacha CFI a chomhlíonadh.
- Rialú agus maoirseacht a léiriú i ndáil le húsáid cistí poiblí.

**Comhlíonadh Cánach**

Is féidir liom a dheimhniú gur chomhlíon CFI na dlíthe cánach cuí agus a oibleagáidí cánach go hiomlán in 2021.Níor tugadh aon saincheist le fios.

**Taisteal agus Cothú**

Rinneadh gach íocaíocht as taisteal agus cothú a rinneadh le comhaltaí Coimisiúin, comhaltaí choiste, POF agus foireann CFI ar aon dul le ciorcláin na Roinne Airgeadais a rialaíonn taisteal agus cothú.

Tá Beartas agus Nósanna Imeachta CFI maidir le Taisteal agus Cothú cothrom le dáta agus léirítear iontu na rátaí reatha agus tá an fhoireann go léir ar an eolas ar a bhfreagrachtaí faoin mbeartas. Tá CFI airdeallach

ar an ngá atá le barainneacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach i ndáil le caiteachas ar thaisteal agus, de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Déantar anailís ar na costais iomlána a tabhaíodh i ndáil le taisteal agus cothú don eagraíocht idir taisteal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Reachtaíocht eile a Chomhlíonadh:**
Comhlíonann CFI rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile, an méid seo a leanas ina measc:

- An tAcht um Eitic in Oifig Poiblí, 2001
- An tAcht um Míchumas, 2005
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

**Ráiteas Comhlíonta:**
Chomhlíon CFI ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon CFI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2021.

Thar ceann chomhaltaí an Choimisiúin

**Gerry Finn**
**Chairperson**
20.12.2022



# An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Coimisiún Forbartha an Iarthair**

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**
Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coimeádta
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2021 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann..

***Bunús na tuairime***
Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ó Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

**Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile**

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.



**Andrew Harkness**
Le haghaidh agus thar ceann
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 22 Nollaig 2022

**Freagrachtaí Bhaill an Choimisiúin**
Faoi mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil bhaill an Choimisiúin, tá baill an Choimisiúin freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhníonn siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhú, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na CIIanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIIanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraitear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim tátal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann
- d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas Choimisiún Forbartha an Iarthair a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tátal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh Coimisiún Forbartha an Iarthair deireadh le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais**
Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIIanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

**Tuairisciú ar cheisteanna eile**

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2021

**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), aithním an fhreagracht atá ar an gCoimisiún as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm in CFI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Cumas chun Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag CFI ina bhfuil triúr ball Boird agus beirt bhall seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus Cathaoirleach atá i nduine amháin díobh. Chas an CIR ar a chéile cúig huaire in 2021.

Bhunaigh CFI feidhm iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá próiseas bainistíochta riosca bunaithe ag CFI a chumasaíonn sainaithint agus measúnú rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí gnó, agus cinntíonn sé go gcuirtear pleananna maolaithe cuí curtha le chéile chun an riosca iarmharach a íoslaghdú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh CFI agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Buanordú atá sa chlár rioscaí ar chlár an Choimisiúin, an CIR agus na Bainistíochta agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Is féidir le CFI a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- á córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil dóthain rialaithe ar chistí a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh cistí chun feidhme don chuspóir a beartaíodh.

**Tionchar COVID-19 ar an gCreat Riosca agus Rialaithe**

Rinne CFI measúnú leanúnach ar a chreat rialaithe i ndiaidh briseadh amach Covid-19 agus gur aistrigh an fhoireann go léir go dtí cianoibriú. Tugadh ardáin reatha shlána teicneolaíochta isteach i measc na foirne go léir le cianoibriú agus bearta cibearshlándála níos fearr a éascú, agus cuireadh oiliúint agus tástáil i bhfeidhm freisin. Déantar measúnú ar an tionchar a imríonn rioscaí de bharr COVID-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca CFI agus leanfaidh CFI de dhul i mbun na ngníomhartha riachtanacha go léir leis na rioscaí ábhartha go léir a sainaithníodh a mhaolú

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Coimisiún, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Is féidir CFI a dheimhniú go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm: –

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

**Soláthar**

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Seachas maidir leis an tsaincheist a liostaítear thíos, is féidir liom a dheimhniú go gcomhlíonann Coimisiún Forbartha an Iarthair na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair.

**Soláthar Neamhchomhlíontach**
Soláthraíodh conradh le haghaidh seirbhísí in 2021 a chosain €46,112.B'ionann an caiteachas faoin gconradh seo agus €52,370, a sháraigh luach an chonartha faoi €6,258. Ba í an réasúnaíocht a bhí leis an méadú ar chaiteachas ná méadú ar an mbeart cosanta faoinar tugadh ar aon dul le treoir sláinte poiblí a d'eascair as an bpaindéim.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil nósanna imeachta ag CFI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CFI ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de CFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug an Coimisiún faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021 an 22 Márta 2022.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach amhail 2021 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais, seachas na saincheisteanna soláthair a phléitear thuas.

Sínithe thar ceann an Choimisiúin



**Gerry Finn**
**Cathaoirleach**
20.12.2022

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim

| Ioncam | Nóta | 2021<br>€<br>Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2021<br>€<br>Ciste Infheistíochta an Iarthair | 2021<br>€<br>Cistiú Deontas an AE | 2021<br>€<br>Iomlán | 2020<br>€<br>Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | 2 | 2,149,849 | - | - | 2,149,849 | 1,859,118 |
| Deontais AE | 3 | - | - | 281,975 | 281,975 | 359,945 |
| Ioncam Eile | 4 | 957,423 | - | 2,621 | 960,044 | 675,101 |
| Aistriú chuig Cistiú Deontas an AE | | - | - | - | - | - |
| Ioncam Infheistíochta | 5 | - | 130,191 | - | 130,191 | 61,504 |
| Glanchistiú Iarchurtha do Shochair Scoir | 15c | 542,000 | - | - | 542,000 | 447,000 |
| **Ioncam Iomlán** | | **3,649,272** | **130,191** | **284,596** | **4,064,059** | **3,402,668** |
| | | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | | |
| **Costais Oibriúcháin** | **6a/b** | **(3,625,905)** | **(294,751)** | | **(3,920,656)** | **(3,411,758)** |
| | | | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin don bhliain** | | 23,367 | 130,191 | (10,155) | 143,403 | (9,090) |
| **Méadú ar Luach na Sócmhainní Airgeadais** | **7** | - | **271,681** | - | **271,681** | **98,084** |
| | | | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí** | | 23,367 | 401,872 | (10,155) | 415,084 | 88,994 |
| **Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil** | **13** | **(83)** | - | - | **(83)** | **2,929** |
| | | | | | | |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | | **23,284** | **401,872** | **(10,155)** | **415,001** | **91,923** |
| | | | | | | |
| Cúlchistí amhail an 1 Eanáir | | 747,107 | 72,727,597 | 222,102 | 73,696,806 | 73,604,883 |
| **Cúlchistí an 31 Nollaig** | | **770,391** | **73,129,469** | **211,947** | **74,111,807** | **73,696,806** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Gerry Finn, Cathaoirleach**
20.12.2022

**Allan Mulrooney, POF Eatramhach**
20.12.2022

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | **415,001** | **91,923** |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Sochair Scoir | 1,253,000 | 528,000 |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Sochair Scoir | (1,253,000) | (528,000) |
| Gnóthachain/(caillteanais) iomlána don bhliain | **415,001** | **91,923** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Gerry Finn, Cathaoirleach**
20.12.2022

**Allan Mulrooney, POF Eatramhach**
20.12.2022

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail

| | Notaí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Daingneáin agus Feistis | 9 | 38,239 | 38,156 |
| | | | |
| **Sócmhainní Airgeadais** | 10 | 73,129,469 | 72,727,597 |
| | | **73,167,708** | **72,765,753** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 2,299,730 | 1,978,869 |
| Infháltais | 11 | 339,791 | 414,534 |
| | | **2,639,521** | **2,393,403** |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | 1,657,183) | (1,424,194) |
| | | | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 982,338 | 969,209 |
| | | | |
| Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir | | 74,150,046 | 73,734,962 |
| | | | |
| Cistiú Iarchurtha Sochair Scoir | | 9,720,000 | (7,925,000) |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | | (9,720,000) | 7,925,000 |
| | | | |
| Sócmhainní Iomlána | | **74,150,046** | **73,734,962** |
| | | | |
| **Ina bhfuil** | | | |
| Ciste Infheistíochta | 10 | 73,129,469 | 72,727,597 |
| Deontais/NPP an AE | 19 | 211,947 | 222,102 |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | 770,391 | 747,107 |
| Cuntas Caipitil | 13 | 38,239 | 38,156 |
| | | **74,150,046** | **73,734,962** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-20 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Gerry Finn, Cathaoirleach**
20.12.2022

**Allan Mulrooney, POF Eatramhach**
20.12.2022

# An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 Barrachas/(Easnamh) a réiteach chuig Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | 2021<br>€<br>Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2021<br>€<br>Ciste Infheistíochta an Iarthair | 2021<br>€<br>Cistiú Deontas an AE | 2021<br>€<br>Iomlán | 2020<br>€<br>Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais | 23,284 | 401,872 | (10,155) | 415,001 | 91,923 |
| Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta | 24,471 | - | - | 24,471 | 31,100 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 83 | - | - | 83 | (2,929) |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 2,904 | - | - | 2,904 | 1,185 |
| Ús Bainc | - | 6,964 | - | 6,964 | 2,984 |
| Díbhinní | - | - | - | - | (45,000) |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | (3,916) | | 78,659 | 74,743 | 73,347 |
| Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | 241,853 | | (8,864) | 232,989 | (224,241) |
| Méadú/(Laghdú) ar Luach Sócmhainní Airgeadais | - | (271,681) | - | (271,681) | (98,084) |
| **(Insreabhadh)/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **288,679** | **137,155** | **59,640** | **485,474** | **(169,715)** |
| | | | | | |
| **(Insreabhadh)/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | | | |
| Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | (27,458) | | | (27,458) | (29,356) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | | (7,105,835) | | (7,105,835) | (3,221,264) |
| Íocaíochtaí chun Gnáthscair a fháil | | (2,882,630) | | (2,882,630) | (1,509,506) |
| Íocaíochtaí chun Ionstraimí Fiachais a fháil | | 1,590,399 | | 1,590,399 | 975,931 |
| Fáltais ó Gháthscair | | 546,401 | | 546,401 | 316,702 |
| **Glan-Isreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(27,458)** | **(7,851,665)** | | **(7,879,123)** | **(3,467,493)** |
| | | | | | |
| **Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | | | |
| Ús bainc a fuarthas | | (6,964) | | (6,964) | (2,984) |
| Díbhinní a fuarthas | | | | | 45,000 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **(6,964)** | | **(6,964)** | **42,016** |
| | | | | | |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | 261,221 | (7,721,474) | 59,640 | (7,400,613) | (3,595,192) |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir** | 1,446,061 | 41,936,631 | 532,808 | 43,915,500 | 47,510,692 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig** | **1,707,282** | **34,215,157** | **592,448** | **36,514,887** | **43,915,500** |

**1. Beartais Chuntasaíochta**
Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta lenar ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Gnóthas Leantach**
D'ullmhaigh an Coimisiún réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid do na chéad dhá mhí dhéag eile amach romhainn ina n-aithnítear an leibhéal éagsúlaithe i ngníomhaíochtaí gnó an Choimisiúin agus ina dtugtar le fios go leanfaidh CFI lena dhliteanais a shásamh de réir mar a bhíonn siad dlite i gcaitheamh na chéad dhá mhí dhéag eile seo amach romhainn.

Rinneadh breithniú ar an tionchar leanúnach a imríonn COVID-19 ar Infheistíochtaí CFI fad a bhí an measúnú luachála, na buiséid agus na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid agus tuartha ar infheistíochtaí á ndéanamh. Tá an Coimisiún sásta, bunaithe ar na bearta seo, gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach. De bhreis air sin, creideann an Coimisiún go bhfuil samhail ghnó dhaingean i bhfeidhm a bheidh in ann déileáil leis na dúshláin a chruthaíonn Covid-19.

Mar gheall go gcuireann CFI seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn (an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

Ar an ábhar sin, leanann CFI, bunaithe ar an méid thuas, ag glacadh le bonn gnóthais leantaigh agus a Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu.

**b) Eolas ginearálta**
Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, agus tá a cheannoifig suite ag Teach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair, faoi mar a leagtar amach i gCuid 8 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, forbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a chur faoi deara go gcuirfear chun cinn í, agus cabhrú léi, agus í a chothú agus a spreagadh.

Is aonán poiblí é Coimisiún Forbartha an Iarthair.

**c) Ráiteas Comhlíonta**

Dlí na hÉireann agus FRS 102 “an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”, a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA) atá sa chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair á n-ullmhú don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

**d) Bonn an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d’fhaomh an tAire Coimirce Sóisialaí, Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Oileán, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998.Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Ní aithníonn CFI luach na n-infheistíochtaí cothromais, mar gheall nach bhfuil na haonáin á rialú aige.

**e) Ioncam**

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhruithe. Eisceacht amháin ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

### Ioncam Infheistíochta

Aithnítear ioncam infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa chuntas Cúlchistí Coimeádta ar bhonn fáltas. Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn an iarmhéid laghdaithigh agus aithnítear é thar thréimhse an chomhaontaithe. Aithnítear ioncam díbhinní ó ghnáthscaireanna ar bhonn fabhruithe nuair atá an díbhinn fógartha. Tá ioncam díbhinní ó scaireanna tosaíochta sonraithe i gcomhaontuithe dlí, agus íoctar iad nuair atá dóthain cúlchistí indáilte ag na cuideachtaí. Aithnítear é mar ioncam nuair atá ceart Choimisiún Forbartha an Iarthair íocaíocht a fháil bunaithe.

### Táillí agus Eisíocaíocht Mhonatóireachta

Aithnítear táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair.

Déantar an eisíocaíocht a bhaineann le hoibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair a ghearradh ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta an Choimisiúin.

### Gnóthachan agus Caillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí a Aithint

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais mar thoradh ar dhíol infheistíochtaí, nó díscríobh infheistíochtaí nó iasachtaí cothromais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Coimeádta ina dtarlaíonn siad.

Aithnítear gnóthachain neamhréadaithe mar thoradh ar athluacháil infheistíochta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta i gcásanna inar féidir luach cóir na hinfheistíochta a mheas go cruinn.

Aithnítear caillteanais neamhréadaithe a eascraíonn as athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí, sa chás go bhfuil Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin tuairim go bhfuil luach infheistíochta laghdaithe faoi bhun an luacha anonn agus cruthaítear foráil agus déantar é a mhuirearú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta.

Aithnítear díscríobh lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta nuair a thabhaítear iad.

I gcás go ndíoltar infheistíochtaí cothromais, ní aithnítear aon mhéideanna a choimeádtar in eascró sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais, ach ní aithnítear iad ach nuair a fhaightear iad.

**f) Sócmhainní Seasta**

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh bearnú. Luaitear dímheas ar rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar chostas gach sócmhainne ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| (i) Daingneáin agus Feistis | 15% sa bhliain |
| (ii) Trealamh Ríomhaire | 33% sa bhliain |

**g) Sócmhainní Airgeadais**

Iasachtaí Lamháltais

De réir Alt 34 de FRS 102, deonaíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí lamháltais d'aonáin leas an phobail i.e. iasachtaí a dheonaítear chun críche cuspóirí CFI a chur chun cinn, nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh agus a dheonaítear ar leibhéal faoi bhun an ráta margaidh úis atá i réim. Ar dtús, aithnítear iasachtaí sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar an méid íoctha. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid tugtha anonn sna ráitis airgeadais a choigeartú chun aon ús fabhraithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar athbhreithniú ar iasachtaí iníoctha gach bliain chun eolas a fháil maidir le comharthaí de bhearnúchán agus déantar aon chaillteanais bhearnúcháin a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

Infheistíochtaí Gan Luachan

Tá gach Infheistíocht i gcuideachtaí neamhluaite.Más féidir, sonraítear a leithéid sin d'infheistíochtaí ar luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú lena haghaidh idir páirtithe eolasacha agus toilteanacha in idirbheart ar neamhchomaoin.I gcásanna nuair nach féidir an

luach cóir a thomhas go beacht, déantar an infheistíocht a luacháil ag costas mura bhfuil fianaise ann go bhfuil sé seo bearnaithe.

### Iarmhéideanna Airgid Thirim

I dteannta le hinfheistíochtaí cothromais, iasachtaí agus ioncam táillí, cuimsítear i gciste Choimisiún Forbartha an Iarthair freisin iarmhéideanna airgid thirim chun infheistíochtaí amach anseo a mhaoiniú.

### Dí-aithint sócmhainní airgeadais

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a éagann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid thirim ón tsócmhainn nó nuair a réitítear iad, nó nuair a aistríonn CFI rioscaí agus luaíochtaí uile na húinéireachta go substainteach chuig aonán eile, nó má choimeádtar roinnt rioscaí suntasacha ach aistríodh rialú na sócmhainne chuig páirtí eile atá in ann an tsócmhainn, ina hiomláine, a dhíol le tríú páirtí neamhghaolmhar.

Déantar iasachtaí a dhí-aithint, nuair atá an ceart sreafaí airgid ó na hiasachtaí a fháil imithe in éag, go hiondúil nuair atá na méideanna gan íoc ar fad aisíoctha ag an aonán. Ní aistríonn CFI iasachtaí chuig tríú páirtithe lena n-aisghabháil.

**h) Infháltais**

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Coimisiún Forbartha an Iarthair in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta.

**i) Cláir Chistithe an AE**

Glacann CFI páirt i roinnt tionscadal ó chláir chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus an Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh.

Ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair páirt i réimse tionscadail cheadaithe forbartha réigiúnaí. Áirítear leo seo an tionscadal geilleagair chruthaithigh Spot-Lit, na tionscadail tacaíochta gnó Bizmentors agus Extra-SME, an tionscadal geilleagair chiorclaigh BCE agus tionscadail in-athnuaite, cosúil le Leco, agus RE-DIRECT.

Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais a mhéid le 65% a chur i bhfeidhm agus is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe sna tíortha comhpháirtithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír. Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú. Glacann CFI páirt sa chlár trí ranníocaíocht thart ar 35%-40% de na chostais a dhéanamh a bhaineann le gach tionscadal trí ranníocaíocht chomhchineáil de chuid phá chroífhoireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré na dtionscadal. Ghlac CFI páirt sna tionscadail seo mar phríomh-chomhpháirtí agus mar chomhpháirtí tionscadail araon. Mar phríomh-chomhpháirtí, déanann CFI éilimh thar ceann chomhpháirtíocht níos fairsinge an tionscadail le rúnaíocht Chlár Cistithe an AE. Sula ndéantar aon éileamh, deimhníonn rialaitheoir náisiúnta chéad leibhéal na costais i dtaobh comhlíonta agus a luaithe a d’eisigh an comhlacht seo deimhniú caiteachais, déanann an rúnaíocht an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. Ach tugtar faoi deara, áfach, go nglacann sé idir dhá mhí dhéag agus fiche a ceathair mí ar an aga tionscanta próiseála.

Mar chuid den phróiseas seo, déanann an AE iniúchadh tréimhsiúil ar Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Aithnítear ioncam ar bhonn cuntais infhála. Cuirtear ioncam atá dlite maidir le caiteachas a tabhaíodh, ach nuair nár seoladh an t-éileamh lena mbaineann ar aghaidh, san áireamh mar ioncam.

**a) Sochair Fostaí**

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na n-earraí iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais..

### Sochair Scoir

Bhunaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail foirne agus bhall. Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Choimisiún Forbartha an Iarthair agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

**k) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla**

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### Sócmhainní Airgeadais Neamhthrádáilte

Cinntear luach na sócmhainní airgeadais nach bhfuil trádáilte i margaí gníomhacha trí úsáid a bhaint as teicnící luachála. Baineann Coimisiún Forbartha an Iarthair feidhm as breithiúnas nuair a bhíonn éagsúlacht mhodhanna á roghnú agus déanann sé toimhdí atá bunaithe go príomha ar shonraí infheicthe agus coinníollacha arb ann dóibh ag gach dáta tuairiscithe.

### Bearnú iasachtaí

Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair athbhreithniú iomlán agus críochnúil ar a phunann iasachtaí ar fad ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon cheann dá chuid iasachtaí bearnaithe. Déantar iasachtaí a mheas ar bhonn iasacht ar iasacht. Déanfar foráil i ndáil le hiasachtaí lena mbaineann amhras suntasach agus fíor maidir le hinbhailitheacht an mhéid atá gan íoc. Ina theannta sin, más rud é, i rith na bliana, go bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil aon iasacht aonair bearnaithe, aithneofar caillteanas sonrach.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

i. an ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

ii. leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **2. Deontais an Oireachtais** | | | |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | | 2,219,761 | 1,921,953 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaí | | (69,912) | (62,835) |
| Deontais an Oireachtais | | **(2,149,849)** | **1,859,118** |
| | | | |
| **3. Ioncam an AE** | | | |
| Ioncam Deontais an AE | | 281,975 | 359,945 |
| Ioncam Eile ón AE | | 2,621 | - |
| | | **284,596** | **359,945** |
| Glacann CFI páirt i roinnt tionscadal ó chláir chistithe an AE, Clár Interreg an AE agus Clár an Fhorimill Thuaidh agus Artach (FTA) de chuid Interreg an AE san áireamh.<br><br>Go ginearálta, is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe i mBallstáit an AE ráta deontais a mhéid le 65% a chur i bhfeidhm agus is féidir le comhpháirtithe atá lonnaithe sna tíortha comhpháirtithe lasmuigh den AE ráta deontais a mhéid le 50-65% a chur i bhfeidhm, ag brath ar an tír.<br><br>Faoi chúinsí eisceachtúla, is féidir leis an gCoiste Faireacháin ráta deontais níos airde a cheadú. Glacann CFI páirt sa chlár trí ranníocaíocht thart ar 35-40% de na costais a dhéanamh a bhaineann le gach tionscadal trí ranníocaíocht chomhchineáil de chuid phá chroífhoireann CFI, tuarastail agus ionsú chostais na hoifige a úsáid a bhíonn i gceist i rith shaolré thionscadal. | | | |
| | | | |
| **4. Ioncam Eile** | | | |
| Ioncam Eile | | 45,210 | 10,087 |
| Moil Digiwest | | 256,132 | 210,427 |
| Moil CGA | | 611,081 | 454,587 |
| An Tionscadal Cliste-Glas | | 45,000 | |
| | | **957,423** | **675,101** |
| | | | |
| **5. Ioncam Infheistíochta** | | | |
| Díbhinní a fuarthas ar Infheistíochtaí Cothromais | | - | 45,000 |
| Ús a fuarthas ar Iasachtaí | | 131,818 | 78,995 |
| Táillí Bainc agus Ús a fuarthas/(a gearradh) ar airgead CII sa Bhanc | | (6,964) | (2,984) |
| Táillí Monatóireachta | | 34,078 | 15,578 |
| Eisíocaíocht | | (28,741) | (75,085) |
| | | **130,191** | **61,504** |
| | | | |
| **6 a. Costais Oibriúcháin Coimisiún Forbartha an Iarthair** | | | |
| Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 1,482,271 | 1,272,474 |
| Taisteal agus Cothú – Foireann | | 10,992 | 16,958 |
| Costais Sochair Scoir | 15A | 494,088 | 405,165 |
| Oiliúint agus Forbairt | | 18,139 | 22,588 |

| | Nótaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Poiblí | | 55,855 | 58,962 |
| Táillí Gairmiúla | | 140,456 | 57,501 |
| Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair | | 71,000 | 28,043 |
| Earcaíocht Foirne | | 19,563 | 2,850 |
| **Comhaltaí an Choimisiúin** | | | |
| **Commission Members** | | | |
| Taisteal agus Cothú | | 2,217 | 1,181 |
| Táillí | | 51,681 | 30,808 |
| Cruinnithe agus Seimineáir | | 4,217 | 3,973 |
| **Fo-choistí / Painéil Chomhairleacha an Choimisiúin** | | | |
| Taisteal agus Cothú | | - | 557 |
| Cló agus Dearadh | | 24,789 | 9,878 |
| Costais Oifige | | 55,021 | 57,042 |
| Solas agus Téamh | | 5,276 | 4,727 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | | 5,837 | 29,792 |
| Árachas | | 19,413 | 14,976 |
| Táille Iniúchta | | 16,200 | 14,300 |
| Cuntasaíocht agus Iniúchóireacht Inmheánach | | 27,429 | 27,253 |
| Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní | | 40,215 | 28,383 |
| Teileachumarsáid | | 27,767 | 26,913 |
| Dímheas | 9 | 24,471 | 31,100 |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | | 2,904 | 1,185 |
| Urraíocht agus Tionscadail | | 53,264 | 88,286 |
| Ilghnéitheach | | (723) | 13,220 |
| Íocaíochtaí comhpháirtithe | | - | (16,407) |
| Córais Forbartha Gréasáin agus TF | | 61,350 | 99,094 |
| Moil DigiWest | | 256,132 | 210,426 |
| Moil CGA | | 611,081 | 454,587 |
| An Tionscnamh Cliste-Glas | | 45,000 | - |
| **Iomlán** | | **3,625,905** | **2,995,815** |

Léirítear Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann ar conradh chun oibriú go hiomlán ar Thionscadail AE faoi chaiteachas ar Dheontais/Thionscadail AE. Gearrtar ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara €92,568 (2020: €195,006) le haghaidh tionscadail AE ar na costais thuas

| Notes to the Financial Statements | | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| **6 b. Costais Oibriúcháin – Deontais/Tionscadail AE** | | | |
| Tuarastail (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 142,338 | 155,437 |
| Taisteal agus Cothú – Foireann | | 4,620 | 9,291 |
| Táillí Gairmiúla | | 64,219 | 100,357 |
| Cruinnithe agus Comhdhálacha | | - | 669 |
| Clódóireacht | | 910 | 4,061 |
| Costais Oifige | | - | 688 |
| Ilghnéitheach | | 3,685 | 5,621 |
| Cuir Chuige Réigiúnacha i leith Fiontraíocht Áitiúil a Spreagadh | | 78,979 | 139,819 |
| | | **294,751** | **415,943** |
| Gearrtar Pá agus Tuarastail dhíreacha don fhoireann a oibríonn go hiomlán ar Thionscadail AE ar na ráitis airgeadais faoi Chaiteachas ar Thionscadail AE.<br><br>Ionsúitear ranníocaíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair le costais ghaolmhara i rith shaolré an tionscadail i gcostais oibriúcháin Choimisiún Forbartha an Iarthair. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. D'fhéadfadh roinnt dátaí éilimh teacht aníos, áfach, lasmuigh den bhliain féilire agus tugtar faoi deara go nglacann sé idir dhá mhí dhéag agus fiche a ceathair mí chun éilimh a phróiseáil agus ó na hagaí tionscanta éileamh faoi Chlár Cistithe an AE. | | | |
| **6 c. An Príomhphearsanra Bainistíochta** | | | |
| Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an POF agus comhaltaí an Choimisiúin.<br>B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus costais chomhaltaí an Choimisiúin agus luach saothair iomlán an POF san áireamh, agus €153,454, (2020: €125,671). | | | |
| **6 d. Costais Foirne** | | | |
| Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 1,482,271 | 1,272,474 |
| Tuarastail Choimisiún Forbartha an Iarthair – Moil (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 30,298 | 47,755 |
| Tuarastail Chiste Infheistíochta an Iarthair (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 28,741 | 75,085 |
| Tuarastail Cistiú Deontais AE (ÁSPC fostóra san áireamh) | | 142,338 | 155,437 |
| | | **1,683,648** | **1,550,751** |
| 2021 Coibhéis Lánaimseartha 28 (CLA) = 27<br>2020 Coibhéis Lánaimseartha 25 (CLA) = 24.6 | | | |

Tá ríomh na líonta Fostaithe Coibhéise Lánaimseartha (CLA) bunaithe ar an líon foirne buana/ ar conradh atá fostaithe ag deireadh na bliana.

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| Banda Tuarastail (€)<br>2021 | Líon Foirne | Banda Tuarastail (€)<br>2020 | Líon Foirne |
|---|---|---|---|
| 60,000 – 69,999 | 3 | 60,000 – 69,999 | 6 |
| 70,000 – 79,999 | 3 | 70,000 – 79,999 | - |
| 80,000 – 89,999 | - | 80,000 – 89,999 | - |
| 90,000 – 99,999 | 3 | 90,000 – 99,999 | 3 |
| 100,000 – 109,999 | - | 100,000 – 109,999 | - |

Ar mhaithe leis an nochtadh thuas, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

| | 2021 Tuarastail | 2021 Taisteal agus Cothú | 2020 Tuarastail | 2020 Taisteal agus Cothú |
|---|---|---|---|---|
| **6 e. Tuarastal an POF** | | | | |
| An tUasal Tomás Ó Síocháin | 98,408 | 1,146 | 92,352 | 1,330 |

Socraítear scála tuarastail an POF ar leibhéal Príomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtana a bhaineann le feidhmíocht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais leis an POF. Gnáthchomhalta é Tomás Ó Síocháin de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní sháraíonn a theidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha.

**6 f. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)**

Asbhaineadh €37,354 ón bhfoireann in 2021 tríd an tobhach pinsin (2020: €33,961) agus íocadh é leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
Tháinig an RAB in ionad na hasbhainte a bhaineann le pinsean (ABP) ar cuireadh deireadh leis ag deireadh 2018. Bhí an ABP bunaithe ar luach saothair inchánach agus tá an RAB bunaithe ar luach saothair inphinsin amháin. Cé gur bheart sealadach é an ABP, ranníocaíocht bhuan é an ABP maidir le luach saothair inphinsin.

| 7. Athrú ar luach sócmhainní airgeadais | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Méadú / (laghdú) ar Bhearnú (glan) in aghaidh Gnáthscaire | (221,423) | 62,545 |
| Laghdú ar Bhearnú in aghaidh Iasachtaí | 301,386 | 18,837 |
| Díscríobh iasachtaí | (299,320) | - |
| Gnóthachan réadaithe ar Infheistíochtaí Cothromais | 491,038 | 16,702 |
| **Méadú ar Luach Sócmhainní Airgeadais** | **271,681** | **98,084** |
| | | |
| Ioncam Infheistíochta (Nóta 5) | 130,191 | 61,504 |
| **Athrú ar Luach Sócmhainní Airgeadais** | **401,872** | **159,588** |

Cuirtear gnóthachan €491,038 (2020: gnóthachan €16,702) san áireamh san athrú ar luach na Sócmhainní Airgeadais thuas a réadaíodh sa bhliain ó dhiúscairtí infheistíochtaí cothromais.

**8. Áitreabh**

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair bunaithe i dTeach Diolúin, foirgneamh faoi úinéireacht Chomhairle Contae Ros Comáin agus atá á bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuirtear an foirgneamh ar fáil saor ó chíos agus ní chuirtear aon soláthar san áireamh sna cuntais do chíos maidir leis an áitreabh seo.

| 9. Sócmhainní Seasta | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Costas an 1 Eanáir | 202,130 | 177,717 |
| Breisiúcháin | 27,458 | 29,356 |
| Diúscairtí | (9,692) | (4,943) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 219,896 | 202,130 |
| | | |
| Dímheas Carntha | 163,974 | 136,632 |
| Muirear | 24,471 | 31,100 |
| Diúscairtí | (6,788) | (3,758) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig | 181,657 | 163,974 |
| | | |
| Glanluach Leabhar an 31 Nollaig | **38,239** | **38,156** |

Tá Daingneáin agus Feistis ar GLL €16,655 (2020: €8,606) agus Trealamh Ríomhaire ar GLL €21,584 (2020: €29,550) san áireamh i Sócmhainní Seasta.

| **10 Sócmhainní Airgeadais** | **Notes** | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí Cothromais a thomhaistear ar Luach Cóir | 10a | 13,661,823 | 13,661,823 |
| Infheistíochtaí Cothromais a thomhaistear ar a gCostas lúide Bearnú | 10a | 18,869,033 | 12,039,984 |
| Iasachtaí | 10b | 6,383,456 | 5,089,159 |
| Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Riar | 10c | 338,003 | 332,666 |
| Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Athinfheistiú | 10d | 33,877,154 | 41,603,965 |
| | | **73,129,469** | **72,727,597** |

| **10 a. Infheistíochtaí Cothromais Gan Luachan** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ar Luach Cóir** | | | |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | **13,661,823** | **13,661,823** |
| | | | |
| **Ar Chostas** | | | |
| Luach Tosaigh an 1 Eanáir | | 14,429,368 | 11,508,104 |
| Breisiúcháin | | 7,105,835 | 3,221,264 |
| Diúscairtí | | (55,363) | (300,000) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | **21,479,840** | **14,429,368** |
| | | | |
| **Lagú** | | | |
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | | (2,389,384) | (2,451,929) |
| Méadú ar sholáthar do Bhearnú | | (248,786} | (38,250) |
| Laghdú ar Bhearnú | | 27,363 | 100,795 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | **(2,610,807)** | **(2,389,384)** |
| | | | |
| **Glanchostas** | | **18,869,033** | **12,039,984** |
| | | | |
| **Luacháil an 31 Nollaig** | | **32,530,856** | **25,701,807** |

| 10 b. Iasachtaí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Luach Tosaigh an 1 Eanáir | 6,220,291 | 5,686,716 |
| Breisiúcháin | 2,882,630 | 1,509,506 |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | (1,590,399) | (975,931) |
| Díscríobh iasachtaí | (299,320) | |
| **Costas an 31 Nollaig** | **7,213,202** | **6,220,291** |
| | | |
| **Lagú** | | |
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | (1,131,132) | (1,149,969) |
| Gluaiseacht ar Bhearnú | 301,386 | 18,837 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **(829,746)** | **(1,131,132)** |
| | | |
| **Luacháil an 31 Nollaig** | **6,383,456** | **5,089,159** |
| | | |
| Infhaighte laistigh de 12 mhí | **1,964,620** | **1,240,713** |
| Infhaighte i ndiaidh 12 mhí | **4,418,836** | **3,848,446** |

| 10 c. Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Riar | | |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí an 1 Eanáir | 332,666 | 392,173 |
| Táillí Monatóireachta | 34,078 | 15,578 |
| Eisíocaíocht | (28,741) | (75,085) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **338,003** | **332,666** |

Déantar infheistíochtaí cothromais ar bhonn pari passu le hinfheisteoirí san earnáil phríobháideach. Gearrtar táillí monatóireachta nuair a ghearrann infheisteoirí san earnáil phríobháideach táillí mar chuid de théarmaí agus coinníollacha na hinfheistíochta. Le téarmaí agus coinníollacha pari passu a fháil, gearrann Coimisiún Forbartha an Iarthair táille mhonatóireachta freisin.

Tá an t-iarmhéid €338,003 amhail an 31 Nollaig 2021 (€332,666 an 31 Nollaig 2020) ar fáil lena úsáid ag Ciste Infheistíochta an Iarthair; déantar é a imfhálú ó iarmhéideanna a d'fhéadfaí a úsáid do dheiseanna ath-infheistíochta agus léirítear ann na táillí carnacha monatóireachta a bailíodh lúide eisíocaíocht áirithe a thabhaigh Ciste Infheistíochta an Iarthair go dtí an 31 Nollaig 2021.

| 10 d. Iarmhéid airgid thirim ar fáil lena Athinfheistiú | | |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna airgid thirim an 1 Eanáir | 41,603,965 | 44,921,090 |
| Diúscairtí cothromais/aisíocaíochtaí iasachta sa tréimhse | 2,136,800 | 1,292,633 |
| Díbhinní a fuarthas ar Infheistíochtaí Cothromais | - | 45,000 |
| Ús a fuarthas ar Iasachtaí | 131,818 | 78,995 |
| Táillí bainc agus Ús a fuarthas/(a gearradh) ar airgead CII sa bhanc | (6,964) | (2,984) |
| Suimeanna a athinfheistíodh sa tréimhse – Cothromas | (7,105,835) | (3,221,264) |
| Suimeanna a athinfheistíodh sa tréimhse – Iasacht | (2,882,630) | (1,509,506) |
| **Iarmhéideanna airgid thirim an 31 Nollaig** | **33,877,154** | **41,603,965** |

| 11. Infháltais | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | 14,938 | 190 |
| Réamhíocaíochtaí | 34,505 | 45,337 |
| Deontais AE/Deontais NPP Infhaighte | 290,348 | 369,007 |
| | **339,791** | **414,534** |

| 12. Suimeanna Iníoctha | | |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 333,194 | 230,891 |
| Ioncam Iarchurtha | 1,323,989 | 1,193,303 |
| | **1,657,183** | **1,424,194** |

Baineann Ioncam Iarchurtha le réamhíocaíochtaí a fuarthas maidir le tionscadail a chistítear go leithligh a mhaoiníonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

| 13. Cuntas Caipitil | 2021<br>€ | 2021<br>€ | 2020<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | 38,156 | | 41,085 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| – Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a éadáil | 27,458 | | 29,356 | |
| – An méid a scaoileadh ar diúscairt | (2,904) | | (1,185) | |
| – An méid a amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainne | (24,471) | | (31,100) | |
| | | 83 | | (2,929) |
| | | **38,239** | | **38,156** |

| 14. Ceangaltais Amach Anseo – CII | 2021<br>Gnáthscaireanna<br>€ | 2021<br>Iasachtaí<br>€ | 2020<br>Gnáthscaireanna<br>€ | 2020<br>Iasachtaí<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ceangaltais Tosaigh | 8,510,690 | 5,201,948 | 5,034,362 | 1,951,987 |
| Athrangú | - | - | (1,267,001) | 1,267,001 |
| Faomhadh | 7,675,000 | 3,118,330 | 9,053,879 | 3,977,534 |
| Saoradh | - | - | (1,089,286) | (485,068) |
| Íocaíochtaí amach | (7,105,835) | (2,882,630) | (3,221,264) | (1,509,506) |
| **Ceangaltais Deiridh** | **9,079,855** | **5,437,648** | **8,510,690** | **5,201,948** |

| 15 Costais Sochair Scoir<br><br>a) Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 497,000 | 395,000 |
| Glanchostas/(glanioncam) úis | 67,000 | 73,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (69,912) | (62,835) |
| | **494,088** | **405,165** |

| b) Gluaiseacht ar Ghlanoibleagáidí Sochair Scoir le linn na bliana airgeadais | | |
|---|---|---|
| **Glanoibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir** | 7,925,000 | 6,950,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 497,000 | 395,000 |
| Costas Úis | 67,000 | 73,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | 1,253,000 | 528,000 |
| Sochair a Íocadh | (22,000) | (21,000) |
| **Glanoibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **9,720,000** | **7,925,000** |

**c) Cistiú iarchurtha do shochair scoir**
Aithníonn an Coimisiún na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais Sochair Scoir na bliana reatha | 564,000 | 468,000 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun Sochair Scoir a íoc | (22,000) | (21,000) |
| | **542,000** | **447,000** |

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2021 agus €9.72M (2020: €7.9250M).

| d) ) Stair na nOibleagáidí le Sochar Sainithe | 2021<br>€ | 2020<br>€ | 2019<br>€ | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí le Sochar Sainithe | 9,720,000 | 7,925,000 | 6,950,000 | 5,170,000 | 5,120,000 |
| (Caillteanas)/gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime le Sochar Sainithe | (1,253,000) | (528,000) | (1,431,000) | 294,000 | (835,000) |
| Céatadán Dhliteanais an Phlean | 12.9% | 6.7% | 20.6% | -5.7% | -16.3% |

**e) Cur síos ginearálta ar an scéim**
Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim aoisliúntais neamhchistithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann aníos faoin scéim as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí, sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha.

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim pinsin seo ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" earnála poiblí. Soláthraíonn an Scéim pinsean (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta a mbreithlá 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí atá i gcomhaltaí ó thréimhse roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 60. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar bhonn lánroghnach ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, déantar baill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair d'iontrálaithe nua. Cuireann seo sochair ar fáil bunaithe ar mheántuilleamh gairm bheatha athhluacháilte agus déantar na sochair a athluacháil ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha le haois an Phinsin Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais maidir le foireann fónaimh, ar scor agus iarchurtha an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2021.

Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil seo ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar Thuarastail | 3.50% | 2.50% |
| Ráta an Mhéadaithe ar Shochair Scoir atá á n-íoc | 3% | 2.00% |
| Ráta lascaine | 1.20% | 0.80% |
| Ráta boilscithe | 2% | 1.75% |

| Meanionchas saoil amach anseo | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Fear aois 65 | 21.8 years | 21.7 years |
| Bean aois 65 | 24.2 years | 24.1 years |

**16. Nochtadh Páirtí Ghaolmhair**
Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i dtaca le leasanna a nochtadh ag comhaltaí an Choimisiúin. Níor nocht comhaltaí an Choimisiúin aon leasanna in 2021.

Cheap an Coimisiún an POF an 4 Meán Fómhair 2020 mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (i.e. fiontar sóisialta seachbhrabúsach) ar sholáthair Coimisiún Forbartha an Iarthair iasacht airgeadas dó. Bunaíodh a cheapachán ar thábhacht straitéiseach an tionscadail maidir le Réigiún an Iarthair. Stopfaidh sé den phost seo a shealbhú ar éirí as dó mar POF

**17. Imeachtaí i ndiaidh an Dáta Tuairiscithe**
Níor thit aon imeachtaí amach idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo óna dteastaíonn coigeartú sna ráitis airgeadais.

Aithníonn an Coimisiún go leanann paindéim Covid-19 de bheith ina imeacht suntasach. Cé gurb éiginnte an tionchar atá á imirt ag Covid-19 ar staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair faoi láthair, leanann an Coimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar an gcás leis an mbainistíocht.

**18. Gnóthas Leantach**
Measann an Coimisiún, mar gheall go gcuireann an t-aonán seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn (an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail), is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

**19. Deontais AE**
**Úsáidtear cistí barrachais a choimeádtar faoi Dheontais AE/NPP le haghaidh caipiteal oibre ar Thionscadail AE. Sceidealaítear éilimh gach sé mhí. D'fhéadfadh a fhaide le hocht mí dhéag agus fiú níos faide mar gheall ar phaindéim Covid, a bheith i gceist leis an aga tionscanta próiseála.**

| | |
|---|---|
| **Cúlchistí amhail an 1 Eanáir 2021** | **222,102** |
| (Easnamh) don bhliain reatha | (10,155) |
| **Cúlchistí an 31 Nollaig 2021** | **211,947** |

**20. Faomhadh na ráiteas airgeadais**
D'fhaomh an Coimisiún na Ráitis Airgeadais seo lena n-eisiúint an 20 Nollaig 2022.

WESTERN DEVELOPMENT COMMISSION

Ag tacú le pobail chun fás, ag déanamh infheistíocht i ngnólachtaí de réir a méide, agus ag pleanáil le haghaidh fhorbairt Réigiún an Iarthair amach anseo.

**Teach Diolúin, Bealach an Doirín**
**Co. Ros Comáin, F45 WY26**

**Guthán:** +353 (0)94 986 1441
**Ríomhphost:** info@wdc.ie

**westerndevelopment.ie**